Scéim Comhionannais Oifig an Choimisinéara Gaeilge

2026-2031

Arna dhréachtú de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

Tá an cháipéis seo ar fáil i réimse formáidí ach iad a iarraidh. Déan teagmháil linn le do riachtanais, le do thoil.

An Coimisinéir Gaeilge
Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
7-9 Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP

eolas@coimisineir.org

Faofa ag an Choimisiún um Chomhionannas do Thuaisceart Éireann ar [dáta le cur ar fáil ag an Choimisiún um Chomhionannas].

Réamhrá

Le hAlt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 (an tAcht), ceanglaítear ar údaráis phoiblí, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna i ndáil le Tuaisceart Éireann, aird chuí a thabhairt ar an ghá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aird a thabhairt ar inmhianaitheacht dea-chaidrimh a chur chun cinn i réimse catagóirí atá leagtha amach san Acht[1].

Inár Scéim Comhionannais, leagann muid amach an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an Choimisinéir Gaeilge na dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh.

Déanfaidh muid na hacmhainní riachtanacha atá ar fáil i dtéarmaí foirne a chur ar fáil, ama agus airgid lena chinntiú go gcomhlíonfar na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus go gcuirfear an Scéim Comhionannais i bhfeidhm go héifeachtach agus in am.

Geallann muid go mbeidh socruithe inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfaidh muid go héifeachtach na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus lena chinntiú go ndéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn.

Forbróidh muid agus cuirfidh muid i gcrích clár cumarsáide agus oiliúna leis an aidhm a chinntiú go mbeidh ár bhfoireann uile agus comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Iontaofacht maidir le Riosca ar an eolas go hiomlán faoin Scéim Comhionannais atá againn agus go dtuigfidh siad

[1] Féach Alt 1.1 dár Scéim Comhionannais.

na gealltanais agus na hoibleagáidí atá inti. Forbróidh muid clár múscailte feasachta dár gcomhairlithe faoi na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus faoi na gealltanais atá sa Scéim Comhionannais atá againn.

Tá An Coimisinéir Gaeilge lántiomanta do na dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh go héifeachtach thar ár gcuid feidhmeanna uile, lena n-áirítear soláthar seirbhísí, fostaíocht agus soláthar poiblí, trí chur i bhfeidhm éifeachtach na scéime comhionannais.

Tuigeann muid an ról tábhachtach atá ag an earnáil phobail agus dheonach agus ag an phobal i gcoitinne lena chinntiú go gcuirtear na dualgais reachtúla faoi Alt 75 i bhfeidhm go héifeachtach. Léiríonn ár Scéim Comhionannais chomh diongbháilte agus atá muid deiseanna a chur ar fáil do dhaoine a mbíonn tionchar ag ár gcuid oibre orthu tionchar dearfach a imirt ar an dóigh a gcomhlíonann muid ár bhfeidhmeanna de réir ár ndualgas reachtúil faoi Alt 75. Cuireann sí modh ar fáil fosta trína bhféadfaidh daoine a mbíonn tionchar díreach orthu agus a mheasann gur theip orainn ár Scéim Comhionannais a chomhlíonadh gearán a dhéanamh.

Mar Choimisinéir na Gaeilge, is cúis áthais dom tacaíocht a thabhairt don Scéim Comhionannais seo agus í a fhormhuiniú. Dréachtaíodh í de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus threoirlínte an Choimisiúin um Chomhionannas.



An Dr Pól Deeds
Coimisinéir
(Dáta)

Clár Ábhair

Tabhair faoi deara: *Tá an Réamhrá agus Aguisíní 2 agus 3 mar chuid den Scéim Comhionannais seo.*

Réamhrá

Caibidil 1: Réamheolas

- Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998
- An dóigh a bhfuil sé beartaithe againn na dualgais faoi Alt 75 a chomhlíonadh i ndáil le feidhmeanna ábhartha Choimisinéir na Gaeilge
- Cé muid féin agus an obair a dhéanann muid

Caibidil 2: Na Socruithe atá Againn lena Mheas cé Chomh Maith agus atá Muid ag Comhlíonadh na nDualgas faoi Alt 75

- Freagrachtaí agus tuairisciú
- Plean gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta

Caibidil 3: Na Socruithe atá Againn maidir le Comhairliúchán

Caibidil 4: Na Socruithe atá Againn chun Tionchar Polasaithe a Mheas, a Mhonatóiriú agus a Fhoilsiú

- Na socruithe atá againn lena mheas cén tionchar is dócha a bheidh ag polasaithe atá glactha againn nó atá beartaithe againn a ghlacadh ar chur chun cinn comhionannais deiseanna
- Scagadh
- Measúnú Tionchair Chomhionannais

- Na socruithe atá againn chun torthaí na measúnuithe ar an tionchar is dócha a bheidh ag polasaithe atá glactha againn nó atá beartaithe againn a ghlacadh ar chur chun cinn comhionannais deiseanna a fhoilsiú
- An t-eolas a fhoilsíonn muid
- An dóigh a bhfoilsíonn muid an t-eolas
- An áit a bhfoilsíonn muid an t-eolas
- Na socruithe atá againn chun aon drochthionchar ar chomhionannas deiseanna ó pholasaithe atá glactha againn a mhonatóiriú
- Na socruithe atá againn chun torthaí ár monatóireachta a fhoilsiú

Caibidil 5: Oiliúint Foirne

- Tiomantas d'oiliúint foirne
- Cuspóirí oiliúna
- Socruithe um mhúscailt feasachta agus oiliúint
- Monatóireacht agus meastóireacht

Caibidil 6: Na Socruithe atá Againn lena Chinntiú agus lena Mheas go bhfuil Rochtain ag an Phobal ar an Eolas agus ar na Seirbhísí a Chuireann Muid ar Fáil

- Rochtain ar eolas
- Rochtain ar sheirbhísí
- Measúnú ar rochtain an phobail ar eolas agus ar sheirbhísí

Caibidil 7: Tráthchlár na mBeart atá Beartaithe Againn sa Scéim Comhionannais seo

Caibidil 8: An Nós Imeachta Gearán atá Againn

Caibidil 9: Foilsiú ár Scéime Comhionannais

Caibidil 10: Athbhreithniú ar ár Scéim Comhionannais

Aguisín 1: Struchtúr Eagraíochta

Aguisín 2: Liosta na gComhairlithe

Aguisín 3: Tráthchlár na mBeart atá Beartaithe

Aguisín 4: Gluais Téarmaí

Aguisín 5: Plean Gníomhaíochta/Bearta Gníomhaíochta

Caibidil 1

Réamheolas

Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

1.1 Ceanglaítear le hAlt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 (an tAcht) ar Oifig an Choimisinéara Gaeilge dhá dhualgas reachtúla a chomhlíonadh:

Alt 75(1)

Agus muid ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna i ndáil le Tuaisceart Éireann, ceanglaítear orainn aird chuí a thabhairt ar an ghá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil, de ghrúpa ciníoch éagsúil, d'aois éagsúil, de stádas pósta éagsúil nó de chlaonadh gnéasach éagsúil;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas;
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil cleithiúnaithe acu.

Alt 75(2)

Ina theannta sin, gan dochar do na hoibleagáidí thuasluaite, agus muid ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna i ndáil le Tuaisceart Éireann, ceanglaítear orainn aird a thabhairt ar inmhianaitheacht dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil nó de ghrúpa ciníoch éagsúil.

Cuimsíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais údaráis phoiblí.[2] Áirítear leis seo ár bhfeidhmeanna maidir le fostaíocht agus soláthar poiblí.

Féach thíos faoin teideal “Cé muid féin agus an obair a dhéanann muid” le haghaidh míniú mionsonraithe ar ár bhfeidhmeanna.

An Dóigh a bhfuil Sé Beartaithe ag an Choimisinéir Gaeilge na Dualgais faoi Alt 75 a Chomhlíonadh i ndáil lena Fheidhmeanna Ábhartha

1.2 Ceanglaítear le Sceideal 9(4)(1) den Acht ar an Choimisinéir Gaeilge, mar údarás poiblí ainmnithe, a leagan amach i Scéim Comhionannais an dóigh a bhfuil sé beartaithe aige na dualgais a fhorchuirtear le hAlt 75 a chomhlíonadh i ndáil lena fheidhmeanna ábhartha. Tá sé i gceist go gcomhlíonfaidh an Scéim Comhionannais seo an riachtanas reachtúil sin. Is ráiteas í araon ar na socruithe atá againn chun na dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh agus ar ár bplean lena gcur i bhfeidhm.

1.3 Tá an Coimisinéir Gaeilge tiomanta dá oibleagáidí faoi Alt 75 a chomhlíonadh ar fud gach cuid den eagraíocht agus cuirfidh muid na hacmhainní riachtanacha atá ar fáil i dtéarmaí foirne, ama agus airgid lena chinntiú go gcomhlíonfar na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus go gcuirfear ár Scéim Comhionannais i bhfeidhm go héifeachtach.

[2] Alt 98(1) d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

Cé Muid Féin agus an Obair a Dhéanann Muid

1.4 Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Gaeilge i mí na Samhna 2025 nuair a cheap an Chéad-Aire agus an leasChéad-Aire Pól Deeds mar chéad Choimisinéir Gaeilge Thuaisceart Éireann. Rinneadh foráil don cheapachán seo san Acht um Fhéiniúlacht agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 ("an tAcht"). Is í Oifig an Fheidhmeannais an Roinn Urraíochta don Choimisinéir Ghaeilge.

1.5 Tugann an tAcht aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann trí fhoráil a dhéanamh do:

- cheapadh an Choimisinéara Ghaeilge;
- fhorbairt caighdeán dea-chleachtais maidir le húsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí; agus
- cheanglas ar údaráis phoiblí aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin sin.

1.6 Is é príomhaidhm an Choimisinéara Ghaeilge úsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí a fheabhsú agus a chosaint i soláthar seirbhísí don phobal nó do sciar den phobal.

1.7 Dá réir sin, beidh ar an Choimisinéir Gaeilge caighdeáin dea-chleachtais maidir le húsáid na Gaeilge i soláthar seirbhísí a ullmhú, a mhonatóiriú agus a chur chun cinn, agus beidh ar údaráis phoiblí aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin sin.

1.8 Obair shuntasach a bheas i gceist le forbairt na gcaighdeán dea-chleachtais. Beidh na dréachtchaighdeáin faoi réir comhairliúcháin fhairsing lena chinntiú go mbeidh siad cothrom, bunaithe ar fhianaise agus go léireoidh siad dea-chleachtas idirnáisiúnta chomh maith le riachtanais agus ionchais na ndaoine a úsáideann

na seirbhísí a chuireann na húdaráis phoiblí lena mbaineann na caighdeáin ar fáil.

1.9 Nuair a aontóidh an Chéad-Aire agus an leasChéad-Aire iad, déanfar foráil san Acht do nós imeachta gearán faoina mbeidh ar an Choimisinéir Gaeilge gearáin ó bhaill den phobal a fhiosrú má mheasann siad gur theip ar údarás poiblí a oibleagáidí maidir le haird chuí a thabhairt ar na caighdeáin dea-chleachtais a chomhlíonadh.

Caibidil 2

Na Socruithe atá Againn lena Mheas cé chomh Maith agus atá Muid ag Comhlíonadh na nDualgas faoi Alt 75

(Sceideal 9(4)(2)(a))

2.1 Tá cuid de na socruithe atá againn lena mheas cé chomh maith agus atá muid ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 leagtha amach in áiteanna ábhartha eile den Scéim Comhionannais seo:

- socruithe i dtaca le comhairliúchán ar gach gné de chur i bhfeidhm ár ndualgas comhionannais. Féach Caibidil 3;
- socruithe lena mheas tionchar polasaithe. Féach míreanna 4.1-4.18 de Chaibidil 4;
- socruithe chun torthaí na measúnuithe a fhoilsiú. Féach míreanna 4.19-4.26 de Chaibidil 4;
- socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar polasaithe. Féach míreanna 4.27-4.34 de Chaibidil 4;
- socruithe chun torthaí na monatóireachta a fhoilsiú. Féach míreanna 4.35-4.38 de Chaibidil 4;
- socruithe lena chinntiú agus lena mheas go bhfuil rochtain ag an phobal ar an eolas agus ar na seirbhísí a chuireann muid ar fáil. Féach Caibidil 6;
- socruithe chun déileáil le gearáin. Féach Caibidil 8.

Ina theannta sin, tá na socruithe seo a leanas againn lena mheas cé chomh maith agus atá muid ag comhlíonadh na ndualgas sin.

Freagrachtaí agus Tuairisciú

2.2 Tá muid tiomanta dár ndualgais faoi Alt 75 a chomhlíonadh i ngach gné dár gcuid oibre.

2.3 Is ar an Choimisinéir Ghaeilge atá an fhreagracht as cur i bhfeidhm éifeachtach na Scéime Comhionannais seo. Tá an Coimisinéir Gaeilge freagrach as forbairt, cur i bhfeidhm, cothabháil agus athbhreithniú na Scéime Comhionannais de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, lena n-áirítear aon dea-chleachtas nó treoir a d'eisigh nó a d'fhéadfadh an Coimisiún um Chomhionannas a eisiúint. Tá an fhreagracht fhoriomlán as an Scéim Comhionannais ar an Choimisinéir Ghaeilge ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta.

2.4 Má tá ceist nó trácht ar bith agat maidir lenár Scéim Comhionannais, déan teagmháil lenár n-oifig sa chéad ásc agus tabharfaidh muid freagra duit a luaithe agus is féidir.

2.5 Déanfar cuspóirí agus spriocanna a bhaineann leis na dualgais reachtúla a chomhtháthú inár bpleananna straitéiseacha agus oibríochtúla gnó.[3]

2.6 Léiríonn cur síos poist agus pleananna feidhmíochta fostaithe an rannchuidiú a dhéanann siad le comhlíonadh na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 agus le cur i bhfeidhm na Scéime Comhionannais, más

[3] Féach Aguisín 4, "Tráthchlár na mBeart atá Beartaithe", agus Alt 2.11 den Scéim Comhionannais seo.

ábhartha. Déantar measúnú ar phleananna feidhmíochta pearsanta mar chuid den athbhreithniú feidhmíochta bliantúil.

2.7 Ullmhaíonn an Coimisinéir Gaeilge tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na socruithe atá leagtha amach sa Scéim Comhionannais seo chun ár ndualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh (tuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75). Cuirfear an tuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75 chuig an Choimisiún um Chomhionannas faoin 31 Lúnasa gach bliain agus leanfaidh sí aon treoir maidir le tuairisciú bliantúil a eiseoidh an Coimisiún um Chomhionannas. Áireofar dul chun cinn i gcur i gcrích na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 inár dtuarascáil bhliantúil (eagraíochtúil) chomh maith.

2.8 Beidh an tuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75 is déanaí ar fáil ar ár suíomh gréasáin (**www.coimisineir.org**). Is féidir cóip a fháil fosta trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig.

2.9 Déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge dlúthchaidreamh a chothú leis an Choimisiún um Chomhionannas lena chinntiú go gcoinnítear dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na Scéime Comhionannais seo.

Plean Gníomhaíochta/Bearta Gníomhaíochta

2.10 Tá plean gníomhaíochta forbartha ag **an Coimisinéir Gaeilge** chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn. Tá an plean gníomhaíochta seo leagtha amach in **Aguisín 5** den Scéim Comhionannais seo.

2.11 Beidh na bearta gníomhaíochta a bheidh mar chuid dár bplean gníomhaíochta ábhartha dár bhfeidhmeanna. Déanfar iad a

fhorbairt agus a chur in ord tosaíochta ar bhonn iniúchadh ar neamhionannais. Baileofar agus déanfar an t-iniúchadh ar neamhionannais anailís ar eolas thar chatagóirí Alt 75[4] chun na neamhionannais atá ann d'úsáideoirí ár seirbhísí agus dóibh siúd a mbíonn tionchar ag ár bpolasaithe orthu a shainaithint[5].

2.12 Beidh na bearta gníomhaíochta SMART, is é sin le rá, sonrach, intomhaiste, nasctha le torthaí insroichte, réadúil agus faoi cheangal ama. Beidh táscairí feidhmíochta agus amlínte dá mbaint amach san áireamh sna bearta gníomhaíochta.

2.13 Forbróidh muid aon phleananna gníomhaíochta do thréimhse idir bliain amháin agus cúig bliana chun iad a ailíniú lenár dtimthriallta pleanála corparáidí agus gnó. Déanfar cur i bhfeidhm na mbeart gníomhaíochta a chomhtháthú inár bpróiseas pleanála gnó.

2.14 Iarrfaidh muid ionchur ónár bpáirtithe leasmhara agus rachaidh muid i gcomhairle maidir lenár bplean gníomhaíochta sula gcuirfidh muid faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannas é agus ina dhiaidh sin nuair a bheas athbhreithniú á dhéanamh againn air de réir alt 2.17 thíos.

2.15 Déanfaidh muid monatóireacht gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn maidir le cur i bhfeidhm ár mbeart gníomhaíochta agus nuashonróidh muid an plean gníomhaíochta de réir mar is gá

[4] Féach Alt 1.1 den Scéim Comhionannais seo le haghaidh liosta de na catagóirí seo.

[5] Féach Alt 4.1 den Scéim Comhionannais seo le haghaidh sainmhíniú ar pholasaithe.

lena chinntiú go bhfanann sé éifeachtach agus ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuid oibre.

2.16 Cuirfidh muid an Coimisiún um Chomhionannas ar an eolas faoi aon athruithe nó leasuithe ar ár bplean gníomhaíochta agus cuirfidh muid an t-eolas seo san áireamh fosta inár dtuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75 chuig an Choimisiún. Beidh eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta againn i gcur i bhfeidhm ár bpleananna gníomhaíochta agus ár mbeart gníomhaíochta san áireamh inár dtuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75.

2.17 Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh ár bplean gníomhaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin **coimisinéir.org** nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig:

An Coimisinéir Gaeilge
Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP

Ríomhphost: **eolas@coimisineir.org**

2.18 Cuirfear in iúl do na comhairlithe ar an liosta atá leagtha amach in **Aguisín 2** go bhfuil an plean gníomhaíochta ar fáil (trí nasc leictreonach nó trí chóip chrua ar iarratas, más oiriúnaí sin dóibh). Má theastaíonn an plean i bhformáid eile uait, déan teagmháil linn ag úsáid na sonraí thuas.

Caibidil 3

Na Socruithe atá Againn maidir le Comhairliúchán

(Sceideal 9(4)(2)(a)) - maidir le hábhair ar dócha go mbeidh dualgas faoi Alt 75(1) nó Alt 75(2) ábhartha dóibh (lena n-áirítear sonraí na ndaoine lena rachfar i gcomhairle).

(Sceideal 9(4)(2)(b)) - maidir leis an tionchar is dócha a bheidh ag polasaithe atá glactha nó atá beartaithe againn a ghlacadh ar chur chun cinn comhionannais deiseanna.)

3.1 Aithníonn muid a thábhachtaí atá an comhairliúchán i ngach gné de chur i bhfeidhm ár ndualgas reachtúil comhionannais. Rachaidh muid i gcomhairle maidir lenár Scéim Comhionannais, ár mbearta gníomhaíochta, Measúnuithe Tionchair Chomhionannais agus ábhair eile a bhaineann leis na dualgais reachtúla faoi Alt 75.

3.2 Tá muid tiomanta do chomhairliúchán a dhéanamh de réir na bprionsabal seo a leanas (mar atá leagtha amach i dtreoir an Choimisiúin um Chomhionannas, *"Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 - Treoir d'Údaráis Phoiblí" (Aibreán 2010)*):

3.2.1 I ngach comhairliúchán, lorgófar tuairimí na ndaoine sin a bhfuil tionchar díreach ag an ábhar nó ag an pholasaí orthu, an Choimisiúin um Chomhionannas, grúpaí ionadaíocha de chuid chatagóirí Alt 75, údaráis phoiblí eile, grúpaí deonacha agus pobail, ár bhfoireann agus a gceardchumainn, chomh maith le grúpaí eile

a bhfuil leas dlisteanach acu san ábhar, cibé acu atá leas díreach eacnamaíoch nó pearsanta acu ann nó nach bhfuil.

Ar dtús, cuirfear na comhairlithe uile (féach Aguisín 2) ar an eolas mar ghnáthchleachtas (trí ríomhphost nó tríd an phost) faoin ábhar nó faoin pholasaí atá faoi chomhairliúchán chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi gach comhairliúchán.

Ina dhiaidh sin, chun úsáid chomh héifeachtach agus is féidir a bhaint as ár gcuid acmhainní agus acmhainní ár gcomhairlithe, úsáidfidh muid cur chuige spriocdhírithe i leith comhairliúcháin dóibh siúd a bhféadfadh spéis ar leith a bheith acu san ábhar nó sa pholasaí atá faoi chomhairliúchán agus a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis dóibh.

D'fhéadfadh comhairliúcháin réigiúnacha nó áitiúla, comhairliúcháin earnála nó téamacha agus cineálacha eile comhairliúcháin a bheith san áireamh leis seo.

3.2.2 Cuirfear tús le comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara uile chomh luath agus is féidir. Rachaidh muid i dteagmháil le daoine aonair atá buailte agus lena ngrúpaí ionadaíocha chun a fháil amach cén dóigh is fearr lena rachfar i gcomhairle leo agus lena gcothófar rannpháirtíocht leo. Iarrfaidh muid ar ár gcomhairlithe cad iad na modhanna comhairliúcháin is fearr leo agus tabharfaidh muid aird chuí orthu sin.

I measc modhanna comhairliúcháin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ann:

- cruinnithe duine le duine;

- fócasghrúpaí;
- cáipéisí scríofa agus deis tuairimí a chur isteach i scríbhinn;
- ceistneoirí;
- eolas nó fógraí trí ríomhphost agus deis roghnú páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán nó gan páirt a ghlacadh ann;
- cruinnithe ar líne nó fíorúla; nó
- comhairliúcháin teileafóin.

Níl an liosta seo uileghabhálach agus d'fhéadfaimis modhanna comhairliúcháin eile a fhorbairt a bheadh níos feiliúnaí do phríomhpháirtithe leasmhara agus don ábhar atá faoi chomhairliúchán.

3.2.3 Breithneoidh muid inrochtaineacht agus formáid gach modha comhairliúcháin a úsáideann muid chun constaicí ar bith sa phróiseas comhairliúcháin a bhaint. Déanfaidh muid measúnú ar an réimse uirlisí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta is féidir a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara. Tabharfar aird ar leith ar an dóigh is fearr cumarsáid a dhéanamh le leanaí agus daoine óga, le daoine faoi mhíchumas (go háirithe daoine a bhfuil míchumas foghlama orthu) agus le pobail mhionlaigh eitnigh. Cuirfidh muid dea-chleachtas reatha agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn san áireamh, lena n-áirítear treoir an Choimisiúin um Chomhionannas *Let's Talk Let's Listen – Guidance for public authorities on consulting and involving children and young people (2008).*

Le tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach, déanfaidh muid an méid seo a leanas:

- Cuirfidh muid eolas ar fáil, ar iarratas, i bhformáidí eile[6] laistigh de thréimhse réasúnta ama, de ghnáth idir 2 agus 6 seachtaine. Cinnteoidh muid go mbeidh an méid céanna ama freagartha ag na comhairlithe sin.
- Bainfidh muid úsáid as teanga shoiléir agus as an íosmhéid téarmaíochta teicniúla is féidir lena chinntiú go mbeidh ábhair chomhairliúcháin chomh hinrochtana agus chomh sothuigthe agus is féidir.
- Cuirfidh muid inrochtaineacht ionad comhairliúcháin san áireamh, lena n-áirítear riachtanais rochtana fisiciúla, naisc iompair agus aon choigeartuithe réasúnacha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.
- Breithneoidh muid an gá atá le hateangaireacht, aistriúchán agus modhanna rannpháirtíochta atá oiriúnach ó thaobh cultúir de agus muid ag dul i gcomhairle le pobail mhionlaigh eitnigh.
- Tabharfaidh muid dóthain ama le freagraí a chur isteach agus, nuair is cuí, cuirfidh muid tacaíocht bhreise ar fáil chun rannpháirtíocht fhiúntach a éascú.
- Déanfaidh muid monatóireacht ar leibhéil rannpháirtíochta agus ar aiseolas ó chomhairlithe chun deiseanna a aithint le hinrochtaineacht agus cuimsitheacht comhairliúchán amach anseo a fheabhsú.

3.2.4 Cuirtear oiliúint shonrach ar fáil dóibh siúd a éascaíonn comhairliúcháin lena chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le comhairlithe.

---

[6] Féach Caibidil 6 den Scéim Comhionannais seo le haghaidh tuilleadh eolais faoi na formáidí malartacha ina gcuireann muid eolas ar fáil.

3.2.5 Chun comhairliúchán éifeachtach a chinntiú le comhairlithe[7] maidir le hábhair Alt 75, forbróidh muid clár múscailte feasachta maidir leis na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus na gealltanais atá inár Scéim Comhionannais trí:

- ár Scéim Comhionannais a eisiúint chuig gach comhairlí laistigh de mhí amháin ó fhaomhadh an Choimisiúin um Chomhionannas;
- ár gcomhairlithe a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh againn i gcur i bhfeidhm na Scéime Comhionannais seo trí aird a tharraingt ar thuarascálacha monatóireachta bliantúla, ar an tuarascáil bhliantúil dul chun cinn agus ar aon cháipéisíocht eile a eiseoidh muid de thoradh na Scéime Comhionannais; agus
- a chinntiú go gcuirfear eolas cuí ar fáil do chomhairlithe maidir lenár ról, ár gcur chuige i leith na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 agus na gealltanais atá sa Scéim Comhionannais seo i ngach cáipéis chomhairliúcháin agus ag gach cruinniú comhairliúcháin.

3.2.6 Mairfidh an tréimhse chomhairliúcháin ar feadh dhá sheachtain déag ar a laghad lena chinntiú go mbeidh dóthain ama ag grúpaí dul i gcomhairle eatarthu féin mar chuid den phróiseas chun tuairim a fhoirmiú. Mar sin féin, i gcúinsí eisceachtúla nuair nach bhfuil an tréimhse ama seo indéanta (mar shampla, agus Treoracha AE nó reachtaíocht ar fud na Ríochta Aontaithe á gcur i bhfeidhm, agus ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta á gcomhlíonadh, agus saincheisteanna práinneacha sláinte poiblí á n-aghaidh, nó agus

[7] Féach Aguisín 3 le haghaidh liosta de na comhairlithe atá againn.

breithiúnais chúirte á gcomhlíonadh), d'fhéadfaimis an tréimhse ama a ghiorrú go hocht seachtaine nó níos lú sula gcuirtear an polasaí i bhfeidhm. D'fhéadfaimis leanstan den chomhairliúchán ina dhiaidh sin agus déanfaidh muid athbhreithniú ar an pholasaí mar chuid dár ngealltanais mhonatóireachta[8].

Nuair is gá, faoi na cúinsí eisceachtúla sin, polasaí a chur i bhfeidhm láithreach toisc go bhfuil an scéal lasmuigh de smacht ár n-údaráis, d'fhéadfaimis dul i gcomhairle i ndiaidh chur i bhfeidhm an pholasaí lena chinntiú go gcuirtear san áireamh aon tionchair a eascraíonn as.

3.2.7 Má tá cleachtadh comhairliúcháin le reáchtáil i rith tréimhse ina bhfuil sé níos deacra do chomhairlithe freagairt, mar shampla i rith shaoire an tsamhraidh nó shaoire na Nollag, nó má tá an polasaí atá á mheas thar a bheith casta, breithneoidh muid an bhféadfaí tréimhse níos faide a cheadú don chomhairliúchán.

3.2.8 Tuigeann muid go bhféadfadh riachtanais éagsúla a bheith ag daoine aonair atá buailte agus ag grúpaí ionadaíocha. Déanfaidh muid bearta cuí lena chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht iomlán ann in aon chruinniú a reáchtálfar. Breithneoidh muid, mar shampla, am an lae, oiriúnacht an ionaid, go háirithe an bhfuil sé inrochtana dóibh siúd a bhfuil míchumas orthu, an dóigh a reáchtálfar an cruinniú, úsáid teanga cuí, cibé acu atá comharthóir agus/nó ateangaire de dhíth, agus cibé acu is gá cúram leanaí agus tacaíocht do chúramóirí eile a chur ar fáil.

[8] Féach míreanna 4.27 go 4.31 thíos le haghaidh sonraí maidir le monatóireacht.

3.2.9 Cuirimid gach eolas ábhartha ar fáil do chomhairlithe i bhformáidí cuí lena chinntiú go mbíonn an comhairliúchán fóinteach agus éifeachtach. Áirítear leis seo eolas mionsonraithe ar an togra polasaí atá faoi chomhairliúchán agus aon sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ábhartha.

3.2.10 Agus aon chinneadh á dhéanamh maidir le polasaí atá glactha nó atá beartaithe le glacadh, cuireann muid san áireamh aon mheasúnú agus aon chomhairliúchán a rinneadh i dtaca leis an pholasaí.

3.2.11 Tugann muid aiseolas do chomhairlithe in am trátha. Ullmhaítear tuarascáil aiseolais ina gcuimsítear achoimre ar an pholasaí a ndearnadh comhairliúchán ina leith, achoimre ar thuairimí na gcomhairlithe, agus achoimre ar an dóigh ar mheas muid agus ar fhreagair muid an t-ionchur a fuarthas ó na comhairlithe. Cuirtear an t-aiseolas ar fáil i bhformáidí atá oiriúnach do na comhairlithe. (Féach freisin mír 6.3.)

3.3 Tá liosta dár gcomhairlithe le fáil sa Scéim Comhionannais seo in Aguisín 2. Is féidir é a fháil fosta ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig.

An Coimisinéir Gaeilge
Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP

Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

3.4 Níl ár liosta comhairlithe uileghabhálach agus déantar athbhreithniú air gach bliain lena chinntiú go bhfanann sé ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár bpolasaithe.

Cuirimid fáilte roimh fhiosruithe ó dhuine ar bith nó ó eagraíocht ar bith ar mian leo a bheith curtha leis an liosta comhairlithe. Déan teagmháil lenár n-oifigí le do shonraí teagmhála a sholáthar agus lena chinntiú go dtabharfar faoi deara na réimsí spéise atá agat, nó le d'ainm nó do shonraí a bhaint nó a leasú.

Cuir in iúl dúinn ag an chéim seo fosta más mian leat go seolfar eolas chugat i bhformáid nó i dteanga ar leith.

Caibidil 4

Ár socruithe maidir le tionchar polasaithe a mheas, a mhonatóiriú agus a fhoilsiú

(Sceideal 9 4(2)(b); Sceideal 9 4(2)(c); Sceideal 9 4(2)(d); Sceideal 9 9(1); Sceideal 9 9(2))

Ár socruithe maidir leis an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaithe atá glactha nó atá beartaithe lena nglacadh ar chur chun cinn an chomhionannais deiseanna a mheas *(Sceideal 9 4(2)(b))*

4.1 I gcomhthéacs Alt 75, tá sainmhíniú an-leathan ar an téarma *polasaí*, agus clúdaíonn sé gach dóigh ina gcuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích nó ina mbeartaímid iad a chur i gcrích i dtaca le Tuaisceart Éireann. Chun críocha na Scéime Comhionannais seo, úsáidtear an téarma *polasaí* maidir le haon straitéis, tionscnamh polasaí, cleachtas agus/nó cinneadh (beartaithe, leasaithe nó atá ann cheana féin), cibé acu atá siad scríofa nó neamh-scríofa agus beag beann ar an teideal a thugtar orthu, mar shampla, “dréacht”, “píolótach”, “ardleibhéil” nó “earnálach”.

4.2 Agus aon chinneadh á dhéanamh maidir le polasaí atá glactha nó atá beartaithe lena ghlacadh, cuireann muid san áireamh aon mheasúnú agus aon chomhairliúchán a rinneadh i dtaca leis an pholasaí, mar a cheanglaítear faoi Sceideal 9, mír 9(2), d'Acht Thuaisceart Éireann 1998.

4.3 Bainfidh an Coimisinéir Gaeilge úsáid as na huirlisí scagtha agus Measúnaithe Tionchair Comhionannais (MTC) chun measúnú a

dhéanamh ar an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaí ar chur chun cinn an chomhionannais deiseanna agus an dea-chaidrimh. Agus na measúnuithe seo á ndéanamh againn, déanfaidh muid iad a nascadh leis na torthaí atá beartaithe ón pholasaí atá i gceist agus leanfaidh muid treoir Choimisiún an Chomhionannais fosta:

- an treoir maidir le scagadh, lena n-áirítear an teimpléad scagtha, mar atá leagtha amach sa treoir ón Choimisiún *"Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 – A Guide for Public Authorities (Aibreán 2010)"*; agus
- an treoir maidir le Measúnú Tionchair Comhionannais a dhéanamh, mar atá leagtha amach sa treoir *"Practical Guidance on Equality Impact Assessment (Feabhra 2005)"*.

Scagadh

4.4 Is é cuspóir an scagtha na polasaithe sin a shainaithint ar dócha go mbeidh tionchar acu ar chomhionannas deiseanna agus/nó ar dhea-chaidreamh.

4.5 Cuirtear an scagadh i gcrích chomh luath agus is féidir sa phróiseas forbartha nó athbhreithnithe polasaí. Déanfar gach polasaí atá beartaithe againn lena ghlacadh a scagadh sula gcuirfear i bhfeidhm é. I gcás straitéisí nó polasaithe níos mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm i sraith céimeanna, déanfaidh muid scagadh ag céimeanna éagsúla le linn an chur chun feidhme.

4.6 Is é an té atá freagrach as an chinneadh polasaí agus a bhfuil údarás aige nó aici athruithe a dhéanamh ar an pholasaí a ghlacfaidh an príomhról sa phróiseas scagtha. Mar sin féin, beidh baint ag baill foirne ábhartha eile leis an scagadh fosta, mar

shampla saineolaithe comhionannais, iad siúd atá freagrach as an pholasaí a chur i bhfeidhm, agus baill foirne ó réimsí oibre ábhartha eile. Nuair is féidir, cuirfidh muid páirtithe leasmhara lárnacha san áireamh sa phróiseas scagtha.

4.7 Cuirtear na ceisteanna seo a leanas i bhfeidhm ar ár gcuid polasaithe uile mar chuid den phróiseas scagtha:

- Cad é an tionchar is dóichí a bheidh ag an pholasaí seo ar chomhionannas deiseanna dóibh siúd atá thíos leis, maidir le gach ceann de chatagóirí comhionannais Alt 75? (beag/suntasach/ar bith)
- An bhfuil deiseanna ann comhionannas deiseanna a chur chun cinn níos fearr do dhaoine laistigh de chatagóirí comhionannais Alt 75?
- Cé chomh mór is dóichí a bheidh an tionchar a bheidh ag an pholasaí ar dhea-chaidreamh idir daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil nó de ghrúpa ciníoch éagsúil? (beag/suntasach/ar bith)
- An bhfuil deiseanna ann dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr idir daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil nó de ghrúpa ciníoch éagsúil?

4.8 Leis na ceisteanna scagtha a fhreagairt, bailíonn muid gach eolas agus sonraí ábhartha, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. Agus an fhianaise seo á cur san áireamh againn, breithníonn muid na riachtanais, na heispéiris agus na tosaíochtaí éagsúla a bhaineann le gach ceann de chatagóirí comhionannais Alt 75. Beidh aon chinneadh scagtha bunaithe ar an fhianaise seo.

4.9 Nuair a chuirtear an scagadh i gcrích, agus ár mbreithniú ar fhreagraí na gceithre cheist scagtha atá leagtha amach i mír 4.7 thuas curtha san áireamh, tiocfaidh ceann amháin de na trí thoradh seo a leanas as:

1. Tá an polasaí “scagtha isteach” le haghaidh Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC).
2. Tá an polasaí “scagtha amach” le maolú[9] nó le polasaí malartach atá beartaithe lena ghlacadh.
3. Tá an polasaí “scagtha amach” gan mhaolú ná gan pholasaí malartach atá beartaithe lena ghlacadh.

4.10 Má thagann ár scagadh ar an chonclúid gur “beag” an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaí maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí comhionannais deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, d'fhéadfaimis, ó am go chéile, cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh le Measúnú Tionchair Comhionannais, ag brath ar an pholasaí.

Mura ndéanfar MTC, breithneoidh muid mar sin féin bearta a d'fhéadfadh tionchar an pholasaí a mhaolú chomh maith le polasaithe malartacha a d'fhéadfadh cur chun cinn an chomhionannais deiseanna agus/nó an dea-chaidrimh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí.

---

[9] **Maolú** – Nuair a léiríonn measúnú (scagadh sa chás seo) go bhfuil tionchar diúltach ag polasaí áirithe ar chomhionannas deiseanna agus/nó ar dhea-chaidreamh, ní mór d'údarás poiblí machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna chun torthaí an pholasaí a bhaint amach a mbeadh tionchar níos lú díobhálach acu ar na catagóirí ábhartha Alt 75.

Sa chás go ndéanfaidh muid maolú, leagfaidh muid amach inár dteimpléad scagtha na cúiseanna leis an chinneadh sin mar aon leis na hathruithe, leasuithe nó an polasaí malartach atá beartaithe.

Déanfar an cinneadh scagtha seo a fhormheas ag an oifigeach cuí atá i gceannas ar an pholasaí laistigh d'Oifig an Choimisinéara Gaeilge.

4.11 Má thagann ár scagadh ar an chonclúid gur “suntasach” an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaí maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí comhionannais deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, cuirfidh muid an polasaí faoi Mheasúnú Tionchair Comhionannais de ghnáth. Déanfar an cinneadh scagtha seo a fhormheas ag an oifigeach cuí atá i gceannas ar an pholasaí laistigh d'Oifig an Choimisinéara Gaeilge.

4.12 Má thagann ár scagadh ar an chonclúid nach bhfuil “tionchar ar bith” ag polasaí maidir le gach ceann de na catagóirí comhionannais deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, d'fhéadfaimis cinneadh a dhéanamh an polasaí a scagadh amach. Má scagtar polasaí amach ar an bhonn nach mbaineann sé le comhionannas deiseanna ná le dea-chaidreamh, tabharfaidh muid sonraí faoi na cúiseanna a bhí leis an chinneadh a rinneadh. Déanfar an cinneadh scagtha seo a fhormheas ag an oifigeach cuí atá i gceannas ar an pholasaí laistigh d'Oifig an Choimisinéara Gaeilge.

4.13 Chomh luath agus is féidir i ndiaidh chríochnú an phróisis scagtha, cuirfear an teimpléad scagtha, arna fhormheas ag an bhainisteoir sinsearach atá freagrach as an pholasaí, ar fáil ar shuíomh

gréasáin An Coimisinéir Gaeilge nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig.

An Coimisinéir Gaeilge
Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP

Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

4.14 Má ardaíonn comhairlí aon ábhar imní maidir le cinneadh scagtha, lena n-áirítear Coimisiún an Chomhionannais, agus é bunaithe ar fhianaise thacúil, déanfaidh muid athbhreithniú ar an chinneadh scagtha.

4.15 Foilsítear ár dtuarascálacha scagtha gach ráithe [féach míreanna 4.20 go 4.22 agus 4.23 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí].

Measúnú Tionchair Comhionannais

4.16 Is éard atá i Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC) ná anailís chuimsitheach agus chórasach ar pholasaí, cibé acu polasaí foirmiúil nó neamhfhoirmiúil atá ann agus beag beann ar raon feidhme an pholasaí sin. Is é príomhchuspóir MTC a chinneadh cé chomh mór agus atá tionchar polasaí ar na catagóirí Alt 75 agus a fháil amach an tionchar díobhálach é sin. Is deis é fosta na torthaí dearfacha is dóichí a bheidh ag polasaí a léiriú agus bealaí

a aimsiú lena bhféadfaí comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

4.17 Nuair a bheidh polasaí scagtha agus nuair a bheidh sé aitheanta tríd an scagadh go bhfuil Measúnú Tionchair Comhionannais riachtanach, déanfaidh muid an MTC de réir threoir Choimisiún an Chomhionannais. Déanfar an Measúnú Tionchair Comhionannais mar chuid den phróiseas forbartha polasaí, sula gcuirfear an polasaí i bhfeidhm.

4.18 Beidh gach Measúnú Tionchair Comhionannais faoi réir comhairliúcháin ag an chéim nó ag na céimeanna cuí. *(Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Caibidil 3 thuas, "Ár Socruithe maidir le Comhairliúchán".)*

Ár socruithe maidir le torthaí na measúnuithe ar an tionchar is dóichí a bheidh ag polasaithe atá glactha againn nó atá beartaithe againn lena nglacadh ar chur chun cinn an chomhionannais deiseanna a fhoilsiú *(Sceideal 9 4(2)(d); Sceideal 9 9(1))*

4.19 Cuirimid torthaí ár measúnuithe (scagadh agus MTC) ar an tionchar is dóichí a bheidh ag ár bpolasaithe ar chur chun cinn an chomhionannais deiseanna agus an dea-chaidrimh ar fáil go poiblí.

An méid a fhoilsíonn muid

4.20 Tuarascálacha Scagtha

Foilsítear iad seo gach ráithe. Leagtar amach sna tuarascálacha scagtha:

- Gach polasaí a scag An Coimisinéir Gaeilge le linn na tréimhse trí mhí;
- Ráiteas ar chuspóir nó ar chuspóirí an pholasaí nó na bpolasaithe lena mbaineann an measúnú;
- An breithniú a rinneadh ar bhearta a d'fhéadfadh aon tionchar díobhálach a mhaolú;
- An breithniú a rinneadh ar pholasaithe malartacha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí;
- Cinntí scagtha, is é sin:
    - cibé acu ar “scagadh isteach” an polasaí le haghaidh Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC);
    - cibé acu ar “scagadh amach” an polasaí le maolú nó le polasaí malartach atá beartaithe lena ghlacadh;
    - cibé acu ar “scagadh amach” an polasaí gan mhaolú ná gan pholasaí malartach atá beartaithe lena ghlacadh;
- Más cuí, tráthchlár chun Measúnuithe Tionchair Comhionannais a dhéanamh;
- Nasc chuig an teimpléad nó na teimpléid scagtha atá curtha i gcrích ar ár suíomh gréasáin.

Teimpléid Scagtha

4.21 Le haghaidh sonraí maidir le fáil ár dteimpléad scagtha, féach mír 4.13.

Measúnuithe Tionchair Comhionannais

4.22 Foilsítear tuarascálacha MTC nuair a bhíonn an measúnú tionchair curtha i gcrích.

Áirítear sna tuarascálacha seo:

- Ráiteas ar chuspóir an pholasaí a measúnaíodh;
- An t-eolas agus na sonraí a bailíodh;
- Sonraí an mheasúnaithe ar an tionchar nó ar na tionchair;
- An breithniú a rinneadh ar bhearta a d'fhéadfadh aon tionchar díobhálach a mhaolú;
- An breithniú a rinneadh ar pholasaithe malartacha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí;
- Freagraí ar an chomhairliúchán;
- An cinneadh a rinneadh;
- Pleananna monatóireachta amach anseo.

Mar a fhoilsíonn muid an t-eolas

4.23 Tá an t-eolas uile a fhoilsíonn muid inrochtana agus is féidir é a chur ar fáil i bhformáidí malartacha má iarrtar sin. Féach mír 6.3 thíos.

An áit a bhfoilsíonn muid an t-eolas

4.24 Tá torthaí ár measúnuithe (tuarascálacha scagtha agus teimpléid chríochnaithe scagtha, chomh maith le torthaí na Measúnuithe Tionchair Comhionannais) ar fáil ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig.

An Coimisinéir Gaeilge
Oifig an Choimisinéara Gaeilge,
Teach an Chomhionannais
Cearnóg Shaftesbury

Béal Feirste

BT2 7DP

Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

4.25 Chomh maith leis an mhéid thuas, seoltar tuarascálacha scagtha (nasc leictreonach nó cóip chrua má iarrtar í agus más oiriúnaí í do na faighteoirí) a chuimsíonn gach polasaí a scagadh le linn tréimhse trí mhí go díreach chuig na comhairlithe uile gach ráithe.

4.26 Cuirfidh muid an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi fáil an ábhair seo trí chumarsáidí amhail preaseisiúintí, nuair is cuí.

Ár socruithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar aon tionchar díobhálach a bhíonn ag na polasaithe atá glactha againn ar chomhionannas deiseanna *(Sceideal 9 4(2)(c))*

4.27 Tá An Coimisinéir Gaeilge tiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar a chuid polasaithe agus feidhmeanna ar chomhionannas deiseanna agus ar dhea-chaidreamh. Cuideoidh an mhonatóireacht le haon tionchar díobhálach iarbhír nó féideartha a shainaithint ar fud na naoi gcatagóir Alt 75 agus le feabhsú leanúnach a chur chun cinn.

4.28 Baileoidh agus déanfaidh muid anailís ar eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil ábhartha ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear comhairliúcháin, rannpháirteachas páirtithe leasmhara, gearáin, aiseolas, suirbhéanna, taighde, sonraí staidrimh agus athbhreithnithe polasaí.

4.29 Déanfaidh an Coimisinéir agus an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar na socruithe monatóireachta. Cuirfidh torthaí na monatóireachta bonn eolais faoi fhorbairt agus athbhreithniú polasaí, scagadh, Measúnuithe Tionchair Comhionannais agus pleanáil ghnó. Má shainaithnítear tionchair dhíobhálacha nó deiseanna chun comhionannas deiseanna nó dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr, déanfar gníomh cuí.

4.30 Is féidir leis an mhonatóireacht cuidiú linn seirbhísí poiblí níos fearr agus feabhsuithe leanúnacha a chur ar fáil. Baineann monatóireacht ar eolas Alt 75 le próiseáil sonraí pearsanta íogaire (sonraí a bhaineann le bunús ciníoch nó eitneach daoine, claonadh gnéis, tuairim pholaitiúil, creideamh reiligiúnach, srl.). Le monatóireacht a dhéanamh ar bhealach rúnda agus éifeachtach, leanann An Coimisinéir Gaeilge treoir ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus ó Choimisiún an Chomhionannais.

4.31 Déanann muid monatóireacht ar aon tionchar díobhálach a bhíonn ag na polasaithe atá glactha againn ar chur chun cinn an chomhionannais deiseanna. Tá muid tiomanta fosta do mhonatóireacht níos leithne a dhéanamh chun deiseanna a shainaithint chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr de réir threoir Choimisiún an Chomhionannais.

4.32 Bunóidh muid córais chuí chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar polasaithe agus chun deiseanna a shainaithint chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr, lena n-áirítear:

- Bailiú, tiomsú agus anailís leanúnach ar shonraí príomhúla cainníochtúla agus cáilíochtúla atá ann cheana agus atá ábhartha ar fud na naoi gcatagóir chomhionannais;
- Bailiú, tiomsú agus anailís leanúnach ar fhoinsí tánaisteacha sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla atá ann cheana agus atá ábhartha ar fud na naoi gcatagóir chomhionannais;
- Iniúchadh ar na córais eolais atá ann laistigh de bhliain amháin tar éis faomhadh na Scéime Comhionannais seo, chun méid na monatóireachta reatha a shainaithint agus chun dul i ngleic le haon bhearnaí ionas go mbeidh an t-eolas riachtanach ann chun cinntí a dhéanamh;
- Sonraí nua a bhailiú nó a choimisiúnú más gá.

4.33 Má léiríonn monatóireacht agus meastóireacht thar thréimhse dhá bhliain go mbíonn tionchar díobhálach níos mó ag polasaí ná mar a tuaradh, nó má thagann deiseanna chun cinn a cheadódh comhionannas deiseanna a chur chun cinn níos fearr, cinnteoidh muid go ndéanfar athbhreithniú ar an pholasaí chun torthaí níos fearr a bhaint amach do na grúpaí comhionannais ábhartha.

4.34 Déanfaidh muid athbhreithniú bliantúil ar ár gcuid eolais monatóireachta MTC.

Ár socruithe maidir le torthaí ár monatóireachta a fhoilsiú (Sceideal 9 4(2)(d))

4.35 Ceanglaítear orainn faoi Sceideal 9 4(2)(d) torthaí na monatóireachta ar thionchair dhíobhálacha na bpolasaithe atá glactha againn a fhoilsiú. Tá muid tiomanta, áfach, do

mhonatóireacht níos leithne a dhéanamh agus foilsítear torthaí na monatóireachta ar ár bpolasaithe mar seo a leanas:

4.36 Foilsítear eolas monatóireachta MTC mar chuid dár dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn Alt 75 [féach mír 2.7].

4.37 Cuirtear tuarascáil bhliantúil dul chun cinn Alt 75 ar fáil ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge.

4.38 Tá an t-eolas uile a fhoilsítear inrochtana agus is féidir é a chur ar fáil i bhformáidí malartacha má iarrtar sin. Féach mír 6.3 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.

Caibidil 5

Oiliúint Foirne

(Sceideal 9 4(2)(e))

Tiomantas d'oiliúint foirne

5.1 Aithníonn muid go bhfuil ról ríthábhachtach ag múscailt feasachta agus ag oiliúint i gcur i bhfeidhm éifeachtach ár ndualgas faoi Alt 75.

5.2 Is mian leis an Choimisinéir Gaeilge ár dtiomantas do na dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chur in iúl go dearfach, go hinmheánach agus go seachtrach.

Chuige sin, cuirfidh muid clár cumarsáide agus oiliúna éifeachtach i bhfeidhm do gach ball foirne agus cinnteoidh muid go mbeidh ár dtiomantas do na dualgais reachtúla faoi Alt 75 léirithe go soiléir i ngach foilseachán ábhartha.

Cuspóirí oiliúna

5.3 Ullmhóidh an Coimisinéir Gaeilge plean mionsonraithe oiliúna dá fhoireann chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- feasacht a mhúscailt maidir le forálacha Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, ár ngealltanais faoin Scéim Comhionannais agus na saincheisteanna ar leith is dóichí a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine ar fud chatagóirí Alt 75, lena chinntiú go dtuigeann ár bhfoireann go hiomlán an ról atá acu maidir leis an scéim a chur i bhfeidhm;
- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a chur ar fáil do na baill foirne sin atá páirteach i measúnú polasaithe (scagadh agus

Measúnuithe Tionchair Comhionannais) chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach;

- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a chur ar fáil do na baill foirne sin a dhéileálann le gearáin maidir le comhlíonadh ár Scéime Comhionannais chun gearáin a fhiosrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu go héifeachtach;
- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a chur ar fáil do na baill foirne sin atá páirteach i bpróisis chomhairliúcháin chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach;
- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a chur ar fáil do na baill foirne sin atá páirteach i gcur i bhfeidhm agus i monatóireacht chur i bhfeidhm éifeachtach Scéim Comhionannais an Choimisinéara Ghaeilge chun an obair seo a dhéanamh go héifeachtach.

Socruithe maidir le feasacht a mhúscailt agus oiliúint a chur ar fáil

5.4 Cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil ár bhfoireann uile ar an eolas faoi ár ndualgais chomhionannais agus go dtuigeann siad iad:

- Forbróidh muid achoimre ar an Scéim Comhionannais seo agus cuirfidh muid ar fáil í do gach ball foirne.
- Cuirfidh muid rochtain ar chóipeanna iomlána den Scéim Comhionannais ar fáil don fhoireann uile agus cinnteoidh muid go ndéileálfar go héifeachtach le haon fhiosrúcháin nó iarratais ar shoiléiriú ón fhoireann.
- Gheobhaidh foireann Oifig an Choimisinéara Gaeilge seisiún faisnéise faoin Scéim Comhionannais seo laistigh de thrí mhí ó fhaomhadh na scéime.

- Beidh na dualgais reachtúla faoi Alt 75 mar chuid den oiliúint ionduchtaithe do bhaill foirne nua.
- Cuirfear oiliúint spriocdhírithe ar fáil do bhaill lárnacha foirne in Oifig an Choimisinéara Gaeilge atá bainteach go díreach le cur chun cinn chur i bhfeidhm ár ngealltanas faoin Scéim Comhionannais (mar shampla, iad siúd atá páirteach i dtaighde agus i mbailiú sonraí, i bhforbairt polasaí, i ndearadh seirbhísí, i ndéanamh Measúnuithe Tionchair Comhionannais, i gcomhairliúchán, i monatóireacht agus i measúireacht).
- Nuair is cuí, cuirfear oiliúint ar fáil lena chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhíonn os comhair na ngrúpaí éagsúla Alt 75.
- Nuair is cuí agus ar bhonn leanúnach, déanfar socruithe lena chinntiú go gcoinnítear an fhoireann ar an eolas faoi fhorbairtí a bhaineann le hAlt 75.

5.5 Forbrófar cláir oiliúna agus múscailte feasachta, nuair is ábhartha, i gcomhar leis na grúpaí cuí Alt 75 agus lenár bhfoireann.

Chun acmhainní agus saineolas a chomhroinnt, oibreoidh an Coimisinéir Gaeilge, nuair is féidir, go dlúth le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile i bhforbairt agus i seachadadh na hoiliúna.

Monatóireacht agus measúireacht

5.6 Beidh ár gclár oiliúna faoi réir na socruithe monatóireachta agus measúireachta seo a leanas:

- Déanfaidh muid measúnú ar a mhéid is atá na scileanna agus an t-eolas riachtanach faighte ag gach rannpháirtí sa chlár oiliúna seo chun gach ceann de na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach.

- Tuairisceofar ar a mhéid is a baineadh amach na cuspóirí oiliúna mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn Alt 75, a sheolfar chuig Coimisiún an Chomhionannais.

Caibidil 6

Ár socruithe lena chinntiú agus lena mheas go bhfuil rochtain ag an phobal ar an eolas agus ar na seirbhísí a chuireann muid ar fáil

(Sceideal 9 4(2)(f))

6.1 Tá an Coimisinéir Gaeilge tiomanta lena chinntiú go bhfuil an t-eolas a scaipimid agus na seirbhísí a chuireann muid ar fáil inrochtana go hiomlán do gach cuid den phobal i dTuaisceart Éireann. Coinneoidh muid ár socruithe faoi athbhreithniú lena chinntiú go bhfanfaidh sé amhlaidh.

6.2 Tuigeann muid nach mbíonn an rochtain chéanna ar eolas ag gach grúpa. Go háirithe:

- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag daoine a bhfuil míchumais chéadfacha, foghlama, chumarsáide nó soghluaisteachta acu le heolas clóite i bhformáidí eile.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag baill de ghrúpaí mionlaigh eitnigh nach é an Béarla a gcéad teanga leis an eolas a chuirtear ar fáil i mBéarla agus/nó i nGaeilge.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh páistí agus daoine óga in ann teacht go hiomlán ar eolas ná é a thuiscint.
- D'fhéadfadh daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta nó thuaithe a bheith teoranta ina rochtain ar eolas; agus
- Ní bheidh daoine nach bhfuil teacht acu ar ríomhaire in ann leas a bhaint as eolas a scaiptear ar an idirlíon.

Rochtain ar eolas

6.3 Le comhionannas deiseanna maidir le rochtain ar eolas a chinntiú, cuireann muid eolas ar fáil i bhformáidí malartacha ar iarratas, nuair atá sé réasúnta indéanta é sin a dhéanamh.

D'fhéadfadh na formáidí malartacha a bheith san áireamh: Leaganacha Éasca le Léamh; Braille; treoracha maidir le húsáid léitheoirí scáileáin; cló mór; nó leaganacha i dteangacha eile seachas Béarla nó Gaeilge.

Déanann Oifig an Choimisinéara Gaeilge comhoibriú le hionadaithe daoine óga agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar mhionlaigh eitneacha, agus cuireann sí dea-chleachtas reatha agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn san áireamh.

Forbróidh muid socruithe chun cumarsáid a dhéanamh le páistí agus daoine óga, le daoine a bhfuil míchumas foghlama orthu agus le pobail mhionlaigh eitnigh. Mura féidir freastal go díreach ar iarratas áirithe, cinnteoidh muid go gcuirfear rogha réasúnta eile ar fáil.

Freagróidh muid iarratais ar eolas i bhformáidí malartacha in am trátha, de ghnáth laistigh de dheich lá oibre.

6.4 Agus eolas á scaipeadh trí na meáin chumarsáide, déanfaidh muid iarracht fógraíocht a dhéanamh sna meáin chlóite nuair is cuí.

Rochtain ar sheirbhísí

6.5 Tá an Coimisinéir Gaeilge tiomanta lena chinntiú go bhfuil ár gcuid seirbhísí uile inrochtana go hiomlán do gach duine sa phobal thar raon catagóirí Alt 75.

Cloíonn an Coimisinéir Gaeilge fosta le forálacha ábhartha na reachtaíochta frith-idirdhealaithe atá i bhfeidhm faoi láthair.

6.6 Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ár gcuid seirbhísí uile inrochtana go hiomlán do gach cuid den phobal. Léireoidh ár socruithe chun tionchair chomhionannais polasaithe a mheas (lena n-áirítear scagadh agus Measúnuithe Tionchair Comhionannais) aon tosca a chruthaíonn tionchar éagsúil trí sheirbhís a bhaineann le polasaí áirithe a dhéanamh níos lú inrochtana do ghrúpaí áirithe.

Áireofar ar na socruithe seo:

- Iniúchadh rochtana ar fhoirgnimh lena fháil amach an gcomhlíonann siad na riachtanais maidir le hinrochtaineacht fhisiciúil;
- Ionadaíocht leordhóthanach do ghrúpaí mionlaigh in aschuir na heagraíochta, mar shampla i bhfoilseacháin, i bpoist ar na meáin shóisialta, ar an suíomh gréasáin agus eile;
- Oiliúint foirne maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI), lena n-áirítear oiliúint feasachta míchumais;
- Ábhar gréasáin inrochtana, úsáid léitheoirí scáileáin agus bearta comhchosúla;
- Úsáid seirbhíse sealaíochta téacs amhail Relay UK do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta nó cainte acu chun gur féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ar an teileafón;

- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun cuidiú leo saincheisteanna a aithint a d'fhéadfadh srian a chur ar rochtain.

Ár socruithe chun rochtain an phobail ar eolas agus ar sheirbhísí a mheas

6.7 Déanfaidh muid monatóireacht gach bliain ar fud ár bhfeidhmeanna uile maidir le rochtain ar eolas agus ar sheirbhísí lena chinntiú go gcuirtear comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh chun cinn. Áireofar sa mhonatóireacht seo bearta amhail: ár dtuarascálacha bliantúla; monatóireacht ar úsáid seirbhísí; rannpháirtíocht le grúpaí Alt 75; seiceálacha rialta ar ár suíomh gréasáin lena chinntiú go gcomhlíonann sé treoirlínte inrochtaineachta; iniúchtaí rochtana ar fhoirgnimh; agus athbhreithniú ar ghearáin a bhaineann le saincheisteanna comhionannais.

6.8 Tuairisceofar ar an mhonatóireacht agus cuirfear an t-eolas san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Caibidil 7

Tráthchlár do na bearta atá beartaithe againn sa Scéim Comhionannais seo

(Sceideal 9 4(3)(b))

7.1 Leagtar amach in Aguisín 3 an tráthchlár do na bearta uile atá beartaithe sa Scéim Comhionannais seo. Déanfar na bearta atá leagtha amach sa tráthchlár seo a chomhtháthú lenár bpróisis phleanála gnó.

7.2 Tá an tráthchlár seo éagsúil ó, agus sa bhreis ar, ár dtiomantas pleananna gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic go sonrach le héagothromaíochtaí agus chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn tuilleadh. Tá gealltanas curtha san áireamh againn inár Scéim Comhionannais plean gníomhaíochta a fhorbairt. Dá réir sin, tá an gealltanas seo liostaithe sa tráthchlár beart in Aguisín 3. Le haghaidh eolais faoi na bearta gníomhaíochta seo, féach míreanna 2.10 go 2.18 thuas.

Caibidil 8

Ár Nós Imeachta Gearán

(Sceideal 9, mír 10)

8.1 Tá an Coimisinéir Gaeilge freagrúil do thuairimí bhaill an phobail. Déanfaidh muid gach iarracht gach gearán a chuirtear faoi bhráid na hoifige a réiteach.

8.2 Tagraíonn mír 10 de Sceideal 9 den Acht do ghearáin. Féadfaidh duine gearán a dhéanamh le húdarás poiblí má chreideann an gearánach go bhféadfadh tionchar díreach a bheith aige nó aici de dheasca teip líomhnaithe an údaráis a Scéim Comhionannais fhormheasta a chomhlíonadh.

Má fhanann an gearánach míshásta i ndiaidh nós imeachta gearán an Choimisinéara Ghaeilge a chur i gcrích, nó mura réitítear an gearán laistigh de thréimhse réasúnta ama, is féidir an gearán a chur faoi bhráid Choimisiún an Chomhionannais de réir Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998.

8.3 Ba chóir do dhuine ar mian leis nó léi gearán a dhéanamh gur theip ar an Choimisinéir Gaeilge ár Scéim Comhionannais fhormheasta a chomhlíonadh teagmháil a dhéanamh lenár n-oifig.

Oifig an Choimisinéara Gaeilge
Equality House
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP
Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

Féadfar gearáin a chur isteach i scríbhinn trí litir, ríomhphost nó trí aon fhormáid inrochtana eile a iarrann an gearánach.

8.4 Ar an chéad dul síos, admhóidh muid gach gearán laistigh de chúig lá oibre óna fháil.

8.5 Déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge imscrúdú inmheánach ar an ghearán agus tabharfaidh sé freagra substainteach don ghearánach laistigh de mhí amháin ó dháta fáil na litreach gearáin. I gcúinsí áirithe, má éilíonn castacht an ábhair tréimhse níos faide, féadfar an tréimhse freagartha a shíneadh go dtí dhá mhí. Sna cúinsí sin, cuirfear an gearánach ar an eolas faoin síneadh sin laistigh de mhí tar éis an gearán a dhéanamh.

Má bhaineann an gearán leis an bhall foirne atá freagrach as gearáin a imscrúdú, cuirfear socruithe malartacha i bhfeidhm lena chinntiú go mbreithneofar an gearán go neamhchlaonta.

8.6 Le linn an phróisis seo, coinneofar an gearánach ar an eolas go hiomlán faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe agus faoi aon torthaí a eascróidh as.

8.7 In aon imscrúdú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh Coimisiún an Chomhionannais, comhoibreoidh an Coimisinéir Gaeilge go hiomlán, agus cuirfidh sé ar fáil in am trátha aon cháipéisí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an Choimisiún.

Ar an dóigh chéanna, comhoibreoidh an Coimisinéir Gaeilge go hiomlán le haon imscrúdú a dhéanfaidh Coimisiún an Chomhionannais faoi fho-mhír 11(1)(b) de Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998.

8.8 Déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge gach iarracht aon mholtaí a eascróidh as imscrúdú de chuid an Choimisiúin a chur i bhfeidhm go pras agus go hiomlán.

8.9 Coinneoidh an Coimisinéir Gaeilge taifid maidir le gearáin faoin Scéim Comhionannais agus déanfaidh sé athbhreithniú tréimhsiúil ar ghearáin a fhaightear chun aon saincheisteanna nó treochtaí athfhillteacha a shainaithint.

8.10 Úsáidfidh muid an t-eolas a eascraíonn as gearáin chun deiseanna a aithint d'fhoghlaim eagraíochtúil agus d'fheabhsuithe seirbhíse maidir le cur i bhfeidhm ár Scéime Comhionannais, nuair is cuí.

Caibidil 9

Foilsiú ár Scéime Comhionannais

(Sceideal 9 4(3)(c))

9.1 Tá Scéim Comhionannais an Choimisinéara Ghaeilge ar fáil saor in aisce i bhfoirm chlóite agus i bhformáidí malartacha trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifigí.

Oifig an Choimisinéara Gaeilge
Equality House
Cearnóg Shaftesbury
Béa lFeirste
BT2 7DP
Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

9.2 Tá ár Scéim Comhionannais ar fáil fosta ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge.

9.3 Cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfoilseofar ár Scéim Comhionannais in am trátha agus go mbeidh comhionannas rochtana ann:

- Déanfaidh muid gach iarracht a chinntiú go gcuirfear eolas faoi ár Scéim Comhionannais agus faoina hábhar in iúl go forleathan. D'fhéadfadh preaseisiúintí, fógraíocht sna meáin chlóite, ar an idirlíon agus comhfhreagras díreach chuig grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar na catagóirí éagsúla faoi Alt 75 a bheith san áireamh anseo.
- Seolfaidh muid nasc chuig ár Scéim Comhionannais fhormheasta trí ríomhphost chuig na comhairlithe ar ár liostaí

comhairliúcháin. Cuirfear in iúl trí litir do chomhairlithe eile nach bhfuil ríomhphost acu go bhfuil an scéim ar fáil ar iarratas. Freagróidh muid iarratais ar an Scéim Comhionannais i bhformáidí malartacha in am trátha, de ghnáth chomh luath agus is féidir.

- Tá ár Scéim Comhionannais ar fáil ar iarratas i bhformáidí malartacha amhail Leagan Éasca le Léamh, Braille, cló mór, formáidí atá comhoiriúnach le léitheoirí scáileáin agus i dteangacha mionlaigh chun freastal ar riachtanais daoine nach bhfuil líofacht acu sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.
- Déanfar achoimre den scéim a ullmhú agus a chur ar fáil d'fhostaithe i réimse formáidí ar iarratas.
- Glacfaidh muid céimeanna lena chinntiú go mbeidh páistí agus daoine óga ar an eolas faoin Scéim Comhionannais agus go mbeidh siad ábalta teacht ar eolas fúithi. D'fhéadfadh achoimrí atá oiriúnach do pháistí, úsáid teanga simplí, foilsiú trí chainéil dhigiteacha agus na meáin shóisialta, agus teagmháil le scoileanna, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí ionadaíocha óige a bheith san áireamh anseo, nuair is cuí.
- Glacfaidh muid céimeanna lena chinntiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas ábalta teacht ar eolas faoin Scéim Comhionannais. D'fhéadfadh eolas a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana amhail Leagan Éasca le Léamh, cló mór, Braille, fuaimfhormáidí agus formáidí leictreonacha inrochtana; a chinntiú go gcomhlíonann ábhar digiteach caighdeáin aitheanta inrochtaineachta; agus comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas chun feasacht faoin scéim a chur chun cinn a bheith san áireamh anseo.

9.4 Le haghaidh liosta dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhairlithe, féach Aguisín 2 den Scéim Comhionannais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge nó déan teagmháil lenár n-oifig.

Oifig an Choimisinéara Gaeilge
Equality House
Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste
BT2 7DP
Ríomhphost: eolas@coimisineir.org

Caibidil 10

Athbhreithniú ar ár Scéim Comhionannais

(Sceideal 9 8(3))

10.1 Mar a cheanglaítear faoi mhír 8(3) de Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, déanfaidh muid athbhreithniú cuimsitheach ar an Scéim Comhionannais seo. Déanfar an t-athbhreithniú sin laistigh de chúig bliana ó chur isteach na Scéime Comhionannais seo chuig Coimisiún an Chomhionannais, nó laistigh de thréimhse níos giorra chun ailíniú le hathbhreithniú timthriallta pleanála eile a cheadú.

Déanfar measúnú san athbhreithniú ar éifeachtacht ár scéime maidir le cur i bhfeidhm na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 a bhaineann lenár bhfeidhmeanna i dTuaisceart Éireann.

10.2 Agus an t-athbhreithniú seo á dhéanamh againn, leanfaidh muid aon treoir a eiseoidh Coimisiún an Chomhionannais.


Cuirfear tuarascáil ar an athbhreithniú seo ar fáil ar shuíomh gréasáin An Coimisinéir Gaeilge agus seolfar cóip chuig Coimisiún an Chomhionannais.

Aguisín 1

Cairt Eagraíochtúil

Tá ballraíocht, agus nithe gaolmhara, an Choimisinéara Ghaeilge leagtha amach i Sceideal 9B d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 (arna leasú): https://www.legislation.gov.uk/ukpga/1998/47/schedule/9B

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Gaeilge ar an 13 Samhain 2025. Seo a leanas an struchtúr eagraíochtúil reatha (amhail Meán Fómhair 2026):



Aguisín 2

Liosta Comhairlithe

(Sceideal 9 4(2)(a))

Nóta: Is liosta táscach é seo agus ní liosta uileghabhálach é. Féadfaidh an Coimisinéir Gaeilge dul i gcomhairle le heagraíochtaí, grúpaí nódaoine aonair breise nuair is cuí. Déanfar athbhreithniú ar an liosta gach bliain lena chinntiú go bhfanann sé cothrom le dáta agus ionadaíoch dóibh siúd a bhfuil spéis acu i ndualgais an Choimisinéara faoi Alt 75.

A

Action on Hearing Loss

Aeracha Uladh

AgeNI

Aisling Ghéar

Alliance Party NI

Altram

An Carn

An Ceathrú Póilí

An Droichead

An tÁisaonad

An Tor ar Lasadh

An tUltach

Antrim and Newtownabbey Borough Council

Antrim and Newtownabbey Policing and Community Safety Partnership

Ards and North Down Borough Council

Ards and North Down Policing and Community Safety Partnership

Armagh City, Banbridge and Craigavon Borough Council

Armagh City, Banbridge and Craigavon Policing and Community Safety Partnership

Arts and Business NI

Arts Council NI

Association of Governing Bodies of Controlled Grammar Schools

Autism NI

B

Barnardos

BBC Gaeilge

Belfast City Council

Belfast Harbour Commissioners

Belfast Health and Social Care Trust

Belfast Islamic Centre

Belfast Metropolitan College

Belfast Multicultural Association

Belfast Policing and Community Safety Partnership

Belfast Telegraph

Below the Radar Media

Business Services Organisation

C

Cara-Friend

Cairde Teo

Cairde Uí Néill

Care Association Alliance

Carers NI

Catholic Diocese of Down and Connor

Causeway Coast and Glens Borough Council

Causeway Coast and Glens Policing and Community Safety Partnership

Cedar Foundation

Children in Northern Ireland (CiNI)

Children's Law Centre

Chinese Welfare Association

Choice Housing

Church of Ireland Diocese of Armagh

Civil Service Commissioners for Northern Ireland

Clanmil Housing

Colearine Harbour Commissioners

Comhairle na Gaelscolaíochta

Commissioner for Older People NI

Commissioner for Survivors of Institutional Childhood Abuse

Commissioner for the Ulster Scots and the Ulster British tradition

Commission for Victims and Survivors for Northern Ireland

Community Places

Comptroller and Auditor General for Northern Ireland

Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair

Construction Industry Training Board Northern Ireland

Consumer Council for Northern Ireland

Craobh CnaG An Lorgáin

Craobh Cnag Mhic an Chrosáin

Craobh CnaG Port an Dúnáin

Craobh CnaG Sruth na hÉirne

Croí Éanna

Cultúrlann Aonach Mhacha

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Cultúrlann Uí Chanáin

Cumann Chluain Árd

Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain

Cumann Gaelach Leath Chathail

Cumann Gaelach na hEaglaise

Cumann na bhFiann

D

Democratic Unionist Party

Department for Communities

Department for Infrastructure

Department for the Economy

Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs

Department of An Taoiseach (Shared Island Initiative)

Department of Education

Department of Finance

Department of Foreign Affairs (Anglo-Irish Division)

Department of Health

Department of Justice

Derry City and Strabane District Council

Derry City and Strabane Policing and Community Safety Partnership

Development Trusts NI

Disability Action

Disability Sport NI

E

East Belfast Mission (Methodist)

Education Authority NI

Electoral Commission NI

Equality Coalition

Equality Commission for Northern Ireland

Evangelical Alliance

F

FDA (First Division Association)

Federation of Small Businesses

Fermanagh and Omagh District Council

Fermanagh and Omagh Policing and Community Safety Partnership

Food Safety Promotion Board

Fóram na nÓg

Foras na Gaeilge

Forbairt Feirste

Foyle Women's Information Network

G

Gael Linn

Gaeláras Mhic Ardghail (Newry)

Gaelphobal Ard Mhacha Theas

Gaelphobal Cheantar an tSrátha Báin

Glór Dhún Geimhin

Glór Léim an Mhadaidh

Glór na Móna/Fís an Phobail

Glór na nGael

Glór na Speiríní

Glór Uachtar Tíre

Governing Bodies Association Northern Ireland

Grand Orange Lodge of Ireland

Guide Dogs for the Blind Association

H

HERe NI

Heritage Lottery Fund

Historical Institutional Abuse Redress Board

Housing Association Forum (NI)

I

Independent Remuneration Board

Indian Community Centre

Information Commissioners Office Northern Ireland

Inspire Wellbeing

Institute of Ulster-Scots Studies

InterTrade Ireland

Invest NI

Ionad na Fuiseoige

Ionad Teaghlaigh Baile an Chaistil

Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach

Ionad Uíbh Eachach

Iontaobhas na Gaelscolaíochta

Irish Congress of Trade Unions

L

Labour Relations Agency

Laochra Loch Lao

Larne Harbour Ltd

Libraries NI

Linen Hall Library

Lisburn and Castlereagh City Council

Lisburn and Castlereagh Policing and Community Safety Partnership

Livestock and Meat Commission for Northern Ireland

Local Government Staff Commission for Northern Ireland

Londonderry Port and Harbour Commissioners

Loughs Agency

M

Mencap Northern Ireland

Methodist Church in Ireland

Mid and East Antrim Borough Council

Mid and East Antrim Policing and Community Safety Partnership

Mid Ulster District Council

Mid Ulster Policing and Community Safety Partnership

Migrant Centre NI

Multi-Ethnic Sports and Cultures NI

Museums Association

N

National Museums NI

Newry, Mourne and Down District Council

Newry, Mourne and Down Policing and Community Safety Partnership

NI Commissioner for Children & Young People

NI Community Relations Council

North West Community Network

North West Regional College

Northern Health and Social Care Trust

Northern Ireland Anti-Poverty Network

Northern Ireland Audit Office

Northern Ireland Authority for Utility Regulation

Northern Ireland Council for Integrated Education

Northern Ireland Council for Voluntary Action (NICVA)

Northern Ireland Fire and Rescue Service

Northern Ireland Fishery Harbout Authority

Northern Ireland Guardian Ad Litem Agency

Northern Ireland Human Rights Commission

Northern Ireland Law Commission

Northern Ireland Local Government Association

Northern Ireland Medical and Dental Training Agency

Northern Ireland Museums Council

Northern Ireland Police Fund

Northern Ireland Policing Board

Northern Ireland Public Services Alliance

Northern Ireland Rural Women's Network

Northern Ireland Screen

Northern Ireland Women's European Platform

Northern Regional College

Northern Visions

O

Office of the Certification Officer for Northern Ireland

Oireachtas na Gaeilge

P

Parenting Focus

People Before Profit

Presbyterian Church in Ireland

PSNI Lisnasharragh Equality and Diversity Unit

Pobal Mhuileann an tSiáin

Police Rehabilitation and Retraining Trust

Praxis Care

Public Health Agency

Q

Queen's University Belfast

R

Radius Housing

Raidió Fáilte

Rainbow Project

Regulation and Quality Improvement Authority

Regulator of Community Interest Companies

Royal National Institute for Deaf People NI

Royal National Institute of Blind People

Royal Ulster Constabulary George Cross Foundation

S

Safeguarding Board for Northern Ireland

Save the Children

SDLP

Sense NI

Sinn Féin

South Eastern Health and Social Care Trust

South Eastern Regional College

South Tyrone Empowerment Programme

South West College

Southern Health and Social Care Trust

Southern Regional College

Special EU Programmes Body

Special Olympics Ulster

Sport NI

St Mary's University College

Statutory Advisory Councils

Stranmillis College

Strategic Investment Board Limited

T

Tha Boord o Ulstér-Scotch/Ulster Scots Agency

The Agri-Food and Biosciences Institute

The Baha'i Council for Northern Ireland

The Board of Trustees of the National Museums and Galleries of Northern Ireland

The Charity Commission for Northern Ireland

The Committee on the Administration of Justice

The Council for Catholic Maintained Schools

The Education Authority

The Executive Office

The General Teaching Council for Northern Ireland

The Green Party in Northern Ireland

The Health and Safety Executive for Northern Ireland

The Health and Social Care Regulation and Quality Improvement Authority

The National Deaf Children's Society

The Northern Ireland Assembly

The Northern Ireland Commissioner for Children and Young People

The Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment

The Northern Ireland Housing Executive

The Northern Ireland Library Authority

The Northern Ireland Local Government Officers' Superannuation Committee

The Northern Ireland Practice and Education Council for Nursing and Midwifery

The Northern Ireland Social Care Council

The Office of Identity and Cultural Expression

The Patient and Client Council

The Probation Board for Northern Ireland

The Regional Agency for Public Health and Social Well-being

The Regional Business Services Organisation

The Representative Church Body (CoI)

Tourism NI

Traditional Unionist Voice

Training for Women Network Ltd

Transgender NI

Turas

U

Ulster Scots Community Network

Ulster Sheltered Employment Limited

Ulster Unionist Party

Ulster University

V

Volunteer Now

W

Warrenpoint Harbour Authority

Waterways Ireland

Western Health and Social Care Trust

Wheelworks

Women's Resource and Development Agency

Y

Youth Council for Northern Ireland

Aguisín 3

Tráthchlár na mBeart atá Beartaithe

(Sceideal 9 4.(3) (b))

Téama	***Bearta Gníomhaíochta***	***Príomhfhreagracht***	***Tagairt don Scéim Chomhionannais (alt)***	***Tráthchlár***
Forbairt na Scéime Comhionannais	*Scéim Chomhionannais a fhorbairt*	***An Coimisinéir Gaeilge***	***1.2***	***R3 2026/27***
	Comhairliúchán a dhéanamh maidir leis an Scéim Chomhionannais		***3.1***	***R3/R4 2026/27***
	An Scéim Chomhionannais a thabhairt chun críche agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais lena ceadú		***2.14***	***R4 2026/27***
Foilsiú na Scéime Comhionannais	*Foilsiú ar an suíomh gréasáin*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***9.2***	***R4 2026/27***
	An pobal a chur ar an eolas faoi infhaighteacht na Scéime Comhionannais		***9.3***	
	Comhairlithe a chur ar an eolas faoi infhaighteacht na scéime		***9.3***	
	Leagan achomair den Scéim Chomhionannais a ullmhú agus a chur ar fáil don fhoireann		***9.3 & 5.4***	
	Rochtain ar an Scéim Chomhionannais iomlán a chur ar fáil don fhoireann		***5.4***	
	Seisiún faisnéise don fhoireann maidir leis an Scéim Chomhionannais		***5.4***	
Athbhreithniú ar an Scéim Chomhionannais	*Athbhreithniú a dhéanamh agus tuarascáil a ullmhú ar an Scéim Chomhionannais*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***10.1***	***Laistigh de 5 bliana***
	Tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais		***10.2***	***Laistigh de 5 bliana***
	Tuarascáil a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin		***10.2***	***Laistigh de 5 bliana***

Socruithe Inmheánacha	*Bearta an phlean ghníomhaíochta a chomhtháthú i bpróisis phleanála straitéisí agus oibriúcháin na heagraíochta.*	***An Coimisinéir Gaeilge (maoirseacht straitéiseach) / Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (cur chun feidhme)***	***2.5***	***I gcomhréir leis na próisis phleanála***
	Sainchuntaisí poist agus pleananna feidhmíochta a nuashonrú nuair is cuí		***2.6***	***Nuair is gá***
Athbhreithniú Bliantúil ar Dhul Chun Cinn	*Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú.*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***2.7***	***Gach bliain faoin 31 Lúnasa***
	Tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais		***2.7***	***Gach bliain faoin 31 Lúnasa***
	Tuarascáil a fhoilsiú ar an suíomh idirlín		***2.8***	***Gach bliain***
	Tagairt don tuarascáil bhliantúil um chomhionannas a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil eagraíochtúil an Choimisinéara Gaeilge.		***2.7***	***Gach bliain***
Bainistiú Comhairlithe	*Liosta na gcomhairlithe a athbhreithniú agus a nuashonrú*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***3.4***	***Gach bliain***
Scagadh Beartas	*Beartais a scagadh roimh chur chun feidhme*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***4.5***	***Ar bhonn leanúnach/Roimh chur chun feidhme***
	Tuarascálacha scagtha agus teimpléid scagtha chomhlánaithe a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin		***4.24***	***I ndiaidh an scagadh***
	Tuarascálacha scagtha, lena n-áirítear beartais a ndearnadh scagadh orthu thar thréimhse trí mhí, a sheoladh go díreach chuig gach comhairlí ar bhonn ráithiúil		***4.25***	***Ráithiúil***
	An pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi infhaighteacht na n-ábhar, de réir mar is cuí, mar shampla trí phreaseisiúintí		***4.26***	***Ar bhonn leanúnach***
	Measúnuithe Tionchair ar Chomhionannas (EQIAanna) a dhéanamh ar bheartais nua agus ar bheartais reatha de réir mar is gá		***4.17***	***De réir mar is gá***
	Tuarascálacha EQIA a fhoilsiú ar shuíomhanna idirlín		***4.24***	***I ndiaidh an EQIA***
	Monatóireacht ar EQIAanna		***4.31***	***Ar bhonn leanúnach***

Monatóireacht	*Córais monatóireachta a bhunú*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***4.32***	***Ar bhonn eanúnach***
	Eolas monatóireachta a athbhreithniú agus tuarascáil a ullmhú		***4.34***	***Gach bliain***
	Tuarascáil a fhoilsiú ar an suíomh idirlín		***4.37***	***Gach bliain***
	Na torthaí a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn.		***4.36***	***Gach bliain***
Oiliúint Foirne	*Plean mionsonraithe oiliúna a fhorbairt*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***5.3***	***Nuair a cheadaítear an Scéim***
	Clár oiliúna a chur i bhfeidhm		***5.4***	***Ar bhonn leanúnach***
	Monatóireacht agus meastóireacht ar an chlár oiliúna		***5.6***	***Gach bliain***
	Ábhair ionduchtaithe a nuashonrú		***5.4***	***De réir mar is gá***
	Oiliúint athnuachana a chur ar fáil don fhoireann		***5.4***	***Gach 3 bliana***
Rochtain ar Fhaisnéis agus Seirbhísí	*Socruithe a dhéanamh le faisnéis a chur ar fáil i bhformáidí malartacha.*	***Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha***	***6.3***	***Ar bhonn leanúnach***
	Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe le rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a chinntiú		***6.7***	***Gach bliain***

Aguisín 4

Gluais Téarmaí

Plean Gníomhaíochta

Plean ina leagtar amach na gníomhartha a dhéanfaidh údarás poiblí chun a chuid dualgas reachtúil faoi Alt 75 a chur i bhfeidhm. Is meicníocht é chun bearta a chur i gcrích d'fhonn torthaí comhionannais a bhaint amach do na catagóirí comhionannais agus dea-chaidrimh faoi Alt 75.

Bearta Gníomhaíochta agus Torthaí

Bearta sonracha chun comhionannas agus dea-chaidreamh a chur chun cinn do na catagóirí ábhartha comhionannais agus dea-chaidrimh faoi Alt 75, atá ceangailte le torthaí atá indéanta agus ar chóir dóibh a bheith réadúil agus tráthúil.

Tionchar Díobhálach

Nuair a bhíonn tionchar éagsúil ag polasaí ar chatagóir Alt 75 agus go mbíonn an tionchar sin níos lú fabharach, tugtar tionchar díobhálach air. Má bhíonn tionchar díobhálach ag polasaí ar chatagóir Alt 75, ní mór d'údarás poiblí breithniú a dhéanamh an bhfuil an tionchar díobhálach sin idirdhealaitheach go neamhdhleathach nó nach bhfuil.

Cibé scéal é, ní mór don údarás poiblí bearta a dhéanamh chun an tionchar díobhálach a cheartú trí bhearta maolaithe agus/nó bealaí malartacha chun an polasaí a chur i bhfeidhm a mheas.

Gníomh Dearfach

Go ginearálta, is féidir gníomh dearfach a shainmhíniú mar aon ní atá comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus atá riachtanach chun athrú dearfach a bhaint amach.

Is téarma é a úsáidtear san Ordú um Fhostaíocht Chóir agus Cóir-Chóireáil (Tuaisceart Éireann) 1998 chun cur síos a dhéanamh ar ghníomh dleathach atá dírithe ar chomhionannas deiseanna agus rannpháirtíocht chothrom san fhostaíocht a chur chun cinn idir baill de na pobail Phrotastúnacha agus Chaitliceacha Rómhánacha i dTuaisceart Éireann.

Athbhreithniú Airteagal 55

Faoin Ordú um Fhostaíocht Chóir agus Cóir-Chóireáil (Tuaisceart Éireann) 1998, ní mór do gach fostóir cláraithe athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chomhdhéanamh a lucht saothair agus ar a chleachtais fostaíochta chun a fháil amach an bhfuil, agus an dócha go leanfaidh, baill de na pobail Phrotastúnacha agus Chaitliceacha Rómhánacha de rannpháirtíocht chothrom san fhostaíocht a bheith acu.

Ní mór na hathbhreithnithe seo, ar a dtugtar Athbhreithnithe Airteagal 55 de ghnáth, a dhéanamh uair amháin ar a laghad gach trí bliana.

Iniúchadh ar Éagothromaíochtaí

Athbhreithniú agus anailís chórasach ar éagothromaíochtaí atá ann do dhaoine a úsáideann seirbhísí agus dóibh siúd a mbíonn tionchar ag polasaithe údarás poiblí orthu.

Is féidir le húdarás poiblí iniúchadh den sórt sin a úsáid chun eolas a chur ar fáil dá chuid oibre i ndáil leis na dualgais chomhionannais agus dea-chaidrimh faoi Alt 75.

Is féidir leis cabhrú fosta le húdaráis phoiblí dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 a mheas, mar go soláthraíonn sé bonnlíne eolais ar na héagothromaíochtaí atá ann cheana agus atá ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis phoiblí.

Comhairliúchán

I gcomhthéacs Alt 75, is é atá i gceist le comhairliúchán ná an próiseas ina n-iarrtar ar na daoine sin a mbíonn tionchar ag polasaí orthu (mar shampla, úsáideoirí seirbhíse, baill foirne agus an pobal i gcoitinne) a dtuairimí a thabhairt ar an dóigh a bhféadfaí an polasaí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud naoi gcatagóir Alt 75.

Éileoidh cúinsí éagsúla cineálacha éagsúla comhairliúcháin. D'fhéadfadh cruinnithe, grúpaí fócais, suirbhéanna agus ceistneoirí a bheith san áireamh iontu, mar shampla.

Comhairle na hEorpa

Clúdaíonn Comhairle na hEorpa, atá lonnaithe in Strasbourg, beagnach mór-roinn iomlán na hEorpa lena 47 mballstát.

Bunaíodh í ar an 5 Bealtaine 1949 ag deich dtír agus tá sé mar aidhm aici prionsabail choiteanna dhaonlathacha a fhorbairt ar fud na hEorpa bunaithe ar an Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ar théacsanna tagartha eile a bhaineann le cosaint daoine aonair.

Iniúchadh Deisce

Iniúchadh ar dhréacht-Scéim Comhionannais lena chinntiú go gcomhlíonann an scéim na ceanglais maidir le foirm agus ábhar mar atá leagtha amach i dTreoirlínte an Choimisiúin.

Tionchar Éagsúil

Tarlaíonn tionchar éagsúil nuair a bhíonn tionchar difriúil ag polasaí ar ghrúpa Alt 75.

D'fhéadfadh an tionchar seo a bheith dearfach, neodrach nó diúltach. Ní mór d'údarás poiblí breithiúnas a thabhairt ar cibé acu atá tionchar éagsúil ag polasaí agus ansin cinneadh a dhéanamh an tionchar díobhálach é, bunaithe ar mheasúnú córasach ar an eolas carntha.

Idirdhealú

Cuireann na dlíthe frith-idirdhealaithe cosc ar na cineálacha seo a leanas d'idirdhealú:

- Idirdhealú díreach;
- Idirdhealú indíreach;
- Idirdhealú míchumais;
- Íospairt;
- Ciapadh.

Idirdhealú Díreach

Tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair a chaitheann údarás poiblí le duine ar bhealach níos lú fabharach ná mar a chaitheann sé, nó a chaithfeadh sé, le duine eile sna cúinsí céanna nó i gcúinsí comhchosúla ar cheann amháin nó níos mó de na forais reachtúla neamh-idirdhealaithe.

Beidh cinneadh nó gníomh atá idirdhealaitheach go díreach neamhdhleathach de ghnáth mura rud é:

(a) i gcás idirdhealaithe aoise, gur féidir é a chosaint go hoibiachtúil; nó

(b) in aon chás eile, gur féidir leis an údarás poiblí brath ar eisceacht reachtúil a cheadaíonn sin, amhail eisceacht a bhaineann le fíor-riachtanas gairme nó eisceacht gnímh dhearfaigh.

Idirdhealú Indíreach

Tarlaíonn idirdhealú indíreach de ghnáth nuair a chuireann údarás poiblí foráil, critéar nó cleachtas áirithe i bhfeidhm ar gach duine, ach go mbíonn éifeacht aige daoine a roinneann saintréith chomhionannais ar leith a chur faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine eile.

Beidh foráil, critéar nó cleachtas atá idirdhealaitheach go hindíreach neamhdhleathach de ghnáth mura féidir é a chosaint go hoibiachtúil nó mura bhfuil eisceacht reachtúil infheidhme.

Idirdhealú Míchumais

Chomh maith le hidirdhealú díreach, íospairt agus ciapadh, féadfaidh idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas tarlú ar dhá dhóigh eile:

(a) Idirdhealú a bhaineann le míchumas

Tarlaíonn sé seo de ghnáth nuair a chaitheann údarás poiblí, gan údar dlíthiúil, le duine faoi mhíchumas ar bhealach níos lú fabharach mar gheall ar chúis a bhaineann lena mhíchumas.

(b) Mainneachtain coigeartuithe réasúnta a dhéanamh

Ceann de na gnéithe is suntasaí den reachtaíocht um idirdhealú míchumais ná go gcuireann sí dualgas ar fhostóirí, ar sholáthraithe seirbhíse agus ar údaráis phoiblí coigeartuithe réasúnta a dhéanamh chun míbhuntáistí a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas a laghdú nó a bhaint.

Íospairt

Tarlaíonn an cineál seo idirdhealaithe de ghnáth nuair a chaitheann údarás poiblí le duine ar bhealach níos lú fabharach mar gheall gur fheidhmigh an duine sin a chearta faoi na dlíthe frith-idirdhealaithe roimhe seo, nó gur chuidigh sé le duine eile iad a fheidhmiú.

Ní féidir údar a thabhairt le híospairt agus tá sí neamhdhleathach i gcónaí.

Ciapadh

Tarlaíonn ciapadh de ghnáth nuair a chuirtear duine faoi iompar nach bhfuil fáilte roimhe agus a bhaineann le foras neamh-idirdhealaithe, agus a bhfuil sé mar chuspóir aige nó mar éifeacht aige dínit an duine a shárú nó timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, náirithe nó maslach a chruthú dó.

Ní féidir údar a thabhairt le ciapadh agus tá sé neamhdhleathach i gcónaí.

Measúnú Eacnamaíoch

Is próiseas córasach é measúnú eacnamaíoch chun úsáidí malartacha acmhainní a scrúdú, ag díriú ar mheasúnú riachtanas, cuspóirí,

roghanna, costais, tairbhí, rioscaí, maoiniú, inacmhainneacht agus tosca eile a bhaineann le cinnteoireacht.

Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC)

An mheicníocht atá mar bhonn agus mar thaca ag Alt 75, trína ndéantar polasaithe atá ann cheana agus polasaithe atá beartaithe a mheas chun a fháil amach an bhfuil tionchar díobhálach acu ar chomhionannas deiseanna do na catagóirí ábhartha Alt 75.

Éilíonn Measúnuithe Tionchair Comhionannais anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon.

Comhionannas Deiseanna

Cosc, díothú nó rialáil idirdhealaithe idir daoine ar fhorais amhail gnéas, stádas pósta, aois, míchumas, creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, cleithiúnaithe, cine agus claonadh gnéis.

Tá níos mó i gceist le comhionannas deiseanna a chur chun cinn ná idirdhealú a dhíothú. Éilíonn sé bearta réamhghníomhacha chun comhionannas deiseanna a chinntiú idir na catagóirí a shainaithnítear faoi Alt 75.

Scéim Comhionannais

Doiciméad ina leagtar amach socruithe údaráis phoiblí chun a ndualgais faoi Alt 75 a chomhlíonadh.

Ní mór imlíne a bheith sa Scéim Comhionannais de shocruithe an údaráis phoiblí maidir le comhairliúchán, scagadh, Measúnuithe Tionchair Comhionannais, monatóireacht, oiliúint agus socruithe lena chinntiú go bhfuil rochtain ar eolas agus ar sheirbhísí.

Dea-Chaidreamh

Cé nach bhfuil sainmhíniú air sa reachtaíocht, tá an sainmhíniú oibre seo a leanas glactha ag an Choimisiún maidir le dea-chaidreamh:

"Fás caidrimh agus struchtúr i dTuaisceart Éireann a aithníonn comhthéacs reiligiúnach, polaitiúil agus ciníoch na sochaí seo, agus a fhéachann le meas, cothroime agus muinín a chur chun cinn, agus a ghlacann leis an éagsúlacht i ngach gné di."

Comhtháthú an Chomhionannais

Comhtháthú phrionsabail, straitéisí agus chleachtais an chomhionannais i ngnáthobair laethúil údarás poiblí ón tús amach.

I bhfocail eile, is é atá i gceist leis seo ná a chinntiú go gcuirtear cúrsaí comhionannais san áireamh ó thús an phróisis forbartha polasaí seachas iad a chur leis ag an deireadh. Is féidir leis seo cuidiú le modhanna oibre a fheabhsú trí chuntasacht an údaráis phoiblí, a fhreagrúlacht do riachtanais agus a chaidreamh leis an phobal a neartú. Is féidir leis luach breise a chruthú ar go leor leibhéal.

Maolú ar Thionchar Díobhálach

Nuair a léiríonn Measúnú Tionchair Comhionannais go bhfuil tionchar díobhálach ag polasaí ar leith ar chomhionannas deiseanna, ní mór d'údarás poiblí machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun torthaí an pholasaí a bhaint amach agus tionchar níos lú díobhálach a bheith acu ar na catagóirí ábhartha Alt 75. Tugtar maolú ar thionchar díobhálach air seo.

Monatóireacht

Is é atá sa mhonatóireacht ná grinnscrúdú agus meastóireacht leanúnach ar pholasaí chun a thionchar ar chatagóirí Alt 75 a mheas.

Ní mór don mhonatóireacht a bheith íogair do chearta daonna agus do shaincheisteanna príobháideachais. Ba chóir d'údaráis phoiblí comhairle a lorg ó chomhairlithe agus ó ghrúpaí ionadaíocha Alt 75 agus córais mhonatóireachta á mbunú acu.

Is éard atá sa mhonatóireacht bailiú eolais ábhartha agus meastóireacht ar pholasaithe. Ní bhaineann sí le bailiú sonraí amháin; d'fhéadfadh cruinnithe rialta agus tuairisciú ar thaighde a rinneadh a bheith san áireamh fosta.

Ní cuspóir ann féin í an mhonatóireacht, ach cuireann sí an t-eolas ar fáil don chéad timthriall eile scagtha polasaithe.

Acht Thuaisceart Éireann

Fuair Acht Thuaisceart Éireann, a chuir Comhaontú Aoine an Chéasta i bhfeidhm, Aontú Ríoga ar an 19 Samhain 1998.

Chruthaigh Alt 75 den Acht na dualgais reachtúla chomhionannais.

Coimisiún Chearta an Duine Thuaisceart Éireann

Comhlacht reachtúil a bunaíodh faoi Alt 68 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, a oibríonn lena chinntiú go gcosnaítear cearta daonna gach duine i dTuaisceart Éireann go hiomlán sa dlí, i bpolasaí agus i gcleachtas.

Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA)

Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh den Roinn Airgeadais í Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA).

Cuireann sí eolas staidrimh agus taighde ar fáil maidir le saincheisteanna i dTuaisceart Éireann agus cuireann sí seirbhísí clárúcháin ar fáil don phobal ar an dóigh is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

OFMdFM

Bhí Oifig an Chéad Aire agus an LeasChéad Aire (OFMdFM) freagrach as comhairle, treoir, dúshlán agus tacaíocht a chur ar fáil do Ranna Státseirbhíse Thuaisceart Éireann ar shaincheisteanna Alt 75.

Tháinig **An Oifig Fheidhmeannach** in áit OFMdFM agus tá sí freagrach anois as na feidhmeanna sin.

PAFT

Ba iad Treoirlínte **Measúnú Polasaí agus Cóir-Chóireáil (PAFT)** an chéad iarracht neamhreachtúil chun comhionannas a chomhtháthú i dTuaisceart Éireann i mí Eanáir 1994.

Ba é cuspóir na dTreoirlínte PAFT a chinntiú go gcuirfí saincheisteanna comhionannais agus cothroime san áireamh i ndéanamh polasaí agus i ngníomhaíochtaí ag gach leibhéal rialtais.

Tá Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 tagtha in áit PAFT anois.

Polasaí

Na cinntí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a dhéanann údarás poiblí maidir lena chuid dualgas a chomhlíonadh.

Sainmhínítear sa *New Oxford English Dictionary* é mar:

"cúrsa gníomhaíochta nó prionsabal gníomhaíochta atá glactha nó molta ag rialtas, páirtí polaitiúil, gnó nó duine aonair."

I gcomhthéacs Alt 75, cuimsíonn an téarma *polasaí* gach dóigh ina gcuireann údarás poiblí a chuid feidhmeanna i gcrích, nó ina mbeartaíonn sé iad a chur i gcrích, i ndáil le Tuaisceart Éireann. Áirítear polasaithe scríofa agus neamh-scríofa araon.

Gníomh Dearfach

Níl sainmhíniú sonrach ar an téarma seo in aon reachtaíocht, ach tuigeann Coimisiún an Chomhionannais gurb ionann é agus aon ghníomh dleathach a fhéadann údarás poiblí a dhéanamh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine i ndáil le fostaíocht nó le rochtain ar earraí, saoráidí nó seirbhísí (mar shampla seirbhísí sláinte, tithíocht, oideachas, ceartas agus póilíneacht).

D'fhéadfadh sé polasaithe, cleachtais nó nósanna imeachta nua a ghlacadh, nó seanpholasaithe agus sean-nósanna imeachta a athrú nó a scor.

Ní ionann gníomh dearfach agus idirdhealú dearfach. Tá gníomh dearfach dleathach, ach tá idirdhealú dearfach neamhdhleathach.

Sonraí Cáilíochtúla

Tagraíonn sonraí cáilíochtúla d'eispéiris daoine óna ndearcadh féin, agus de ghnáth cuirtear níos lú béime ar uimhreacha agus ar anailís staidrimh.

Is dóichí go soláthróidh comhairliúcháin sonraí cáilíochtúla ná sonraí cainníochtúla.

Sonraí Cainníochtúla

Tagraíonn sonraí cainníochtúla d'uimhreacha a thagann de ghnáth ó dhaonra iomlán nó ó shamplaí den daonra sin.

Déantar anailís ar an eolas seo de ghnáth trí staidreamh tuairisciúil, a scrúdaíonn próifílí ginearálta, dáilte agus treochtaí sna sonraí, nó trí staidreamh tátalach, a úsáidtear chun "suntasacht" gaolmhaireachtaí nó difríochtaí sna sonraí a mheas.

SACHR

Tá Coimisiún Comhairleach Buan um Chearta an Duine (SACHR) curtha in ionad Choimisiún Chearta an Duine Thuaisceart Éireann anois.

Mar chuid dá athbhreithniú ar na socruithe a bhí ann chun comhionannas fostaíochta a chur chun cinn agus difríochtaí dífhostaíochta a laghdú, mhol SACHR go ndéanfaí riachtanas reachtúil de na Treoirlínte PAFT.

Scagadh

An nós imeachta a úsáidtear chun a shainaithint cé na polasaithe a bheidh faoi réir Measúnú Tionchair Comhionannais agus chun tosaíocht a thabhairt do na measúnuithe sin.

Is é cuspóir an scagtha na polasaithe sin ar dóichí go mbeidh tionchar beag nó suntasach acu ar chomhionannas deiseanna a aithint, ionas gur féidir na hacmhainní is mó a dhíriú ar fheabhsú na bpolasaithe sin.

Éilíonn an scagadh athbhreithniú córasach ar pholasaithe atá ann cheana agus ar pholasaithe atá beartaithe.

Sceideal 9

Leagann Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 amach forálacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na ndualgas reachtúil faoi Alt 75, lena n-áirítear eolas faoin mhéid ba chóir a bheith i Scéim Comhionannais.

Alt 75

Forálann Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann go gcaithfidh gach údarás poiblí, agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna i ndáil le Tuaisceart Éireann, aird chuí a thabhairt ar an ghá comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil, de ghrúpa ciníoch éagsúil, d'aois éagsúil, de stádas pósta éagsúil agus de chlaonadh gnéis éagsúil;
- fir agus mná go ginearálta;

- daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Gan dochar do na dualgais sin, ní mór d'údaráis phoiblí aird a thabhairt fosta ar inmhianaitheacht an dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine de chreideamh reiligiúnach éagsúil, de thuairim pholaitiúil éagsúil nó de ghrúpa ciníoch éagsúil.

Imscrúdú faoi Alt 75

Imscrúdú a dhéanann Coimisiún an Chomhionannais faoi Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 nuair a theipeann ar údarás poiblí na gealltanais atá ina Scéim Comhionannais fhormheasta a chomhlíonadh.

Tá dhá chineál imscrúdaithe ann:

1. Imscrúdú ar ghearán ó dhuine aonair a mhaíonn go ndeachaigh teip údaráis phoiblí a Scéim Comhionannais fhormheasta a chomhlíonadh i bhfeidhm go díreach air nó uirthi.
2. Imscrúdú a thionscnaíonn Coimisiún an Chomhionannais féin nuair a chreideann sé go bhféadfadh údarás poiblí a bheith tar éis teip a Scéim Comhionannais fhormheasta a chomhlíonadh.

Aguisín 5

Plean Gníomhaíochta

Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta seo chun tacú le cur chun feidhme na Scéime Comhionannais agus le dualgais Alt 75 ar fud gach feidhme d'Oifig an Choimisinéara Gaeilge, lena n-áirítear forbairt Chaighdeáin Dea-Chleachtais na Gaeilge, comhairliúchán, soláthar seirbhísí, láimhseáil gearán, cumarsáid, fostaíocht agus soláthar a chomhlíonadh.

Tá an Plean Gníomhaíochta ceaptha le bheith ailínithe le próisis phleanála straitéiseacha agus ghnó Oifig an Choimisinéara Gaeilge, agus déanfar athbhreithniú air gach bliain.

Réimse Tosaíochta	Beart Gníomhaíochta	Grúpaí Alt 75 a Bhainfidh Tairbhe Astu	Tomhas Ratha	Tréimhse Ama
Rialachas agus Ceannaireacht	Iniúchadh ar éagothromaíochtaí a chur i gcrích chun constaicí agus deiseanna a bhaineann le feidhmeanna an Choimisinéara Gaeilge a shainaithint, agus úsáid a bhaint as na torthaí chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus pleanáil ghnó.	Gach Catagóir Alt 75	An t-iniúchadh curtha i gcrích agus bearta gníomhaíochta forbartha.	Laistigh de 12 mhí ó fhaomhadh na Scéime Comhionannais.

	Freagrachtaí Alt 75 a leabú i socruithe rialachais, i bpleanáil ghnó, i dtuairisciú feidhmíochta agus i bpróisis cheaptha beartas.	Gach Catagóir Alt 75	Léirítear cúinsí comhionannais i bpleananna gnó, i mbeartais agus i dtuarascálacha bliantúla.	Ar bhonn leanúnach
	Cur chun feidhme Alt 75 agus faireachán ar an Phlean Gníomhaíochta a áireamh sna socruithe tuairiscithe bliantúla don Choimisinéir Gaeilge agus don Choiste um Iniúchóireacht agus Iontaofacht maidir le Riosca (CIIR).	Gach Catagóir Alt 75	Tuarascálacha bliantúla dul chun cinn curtha i gcrích.	Gach bliain
Caighdeáin Dea-Chleachtais	Scagadh a dhéanamh ar gach beartas a bhaineann le forbairt Chaighdeáin Dea-Chleachtais na Gaeilge agus Measúnuithe Tionchair ar Chomhionannas (MTCanna) a dhéanamh nuair is gá.	Gach Catagóir Alt 75	100% de na beartais ábhartha scagtha.	Ar bhonn leanúnach
	A chinntiú go bhfuil an comhairliúchán maidir le Caighdeáin Dea-Chleachtais na Gaeilge inrochtana, bunaithe ar fhianaise agus go léiríonn sé tuairimí daoine ar fud chatagóirí Alt 75.	Gach Catagóir Alt 75	Rannpháirtíocht leathan geallsealbhóirí léirithe tríd an anailís ar an chomhairliúchán.	Le linn fhorbairt Chaighdeáin Dea-Chleachtais na Gaeilge

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht	Bunachar sonraí comhairliúcháin a choinneáil agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh air lena chinntiú go bhfuil eagraíochtaí ann a dhéanann ionadaíocht ar gach catagóir Alt 75.	Gach Catagóir Alt 75	Liosta na gcomhairlithe athbhreithnithe gach bliain.	Gach bliain
	Rannpháirtíocht spriocdhírithe a dhéanamh le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine scothaosta, ar dhaoine óga, ar mhionlaigh eitneacha agus ar ghrúpaí eile Alt 75.	Míchumas, Aois, Grúpa Ciníoch, Cleithiúnaithe, Gach Catagóir	Méadú ar rannpháirtíocht le geallsealbhóirí.	Ar bhonn leanúnach
	Socruithe leanúnacha rannpháirtíochta a bhunú le húdaráis phoiblí, le grúpaí pobail agus le geallsealbhóirí teanga.	Creideamh Reiligiúnach, Tuairim Pholaitiúil, Grúpa Ciníoch, Gach Catagóir	Clár rannpháirtíochta geallsealbhóirí curtha i bhfeidhm.	Ar bhonn leanúnach
Inrochtaineacht agus Cuimsiú	Socruithe inrochtaineachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh comhairliúchán, gearán, foilseachán agus imeachtaí.	Míchumas, Aois, Grúpa Ciníoch, Cleithiúnaithe	Formáidí inrochtana ar fáil de ghnáth ar iarratas.	Bliain 1

	A chinntiú go gcomhlíonann an suíomh gréasáin, na meáin shóisialta agus cumarsáid dhigiteach caighdeáin aitheanta inrochtaineachta.	Míchumas, Aois	Athbhreithniú bliantúil ar inrochtaineacht curtha i gcrích.	Ar bhonn leanúnach
	Formáidí malartacha a chur ar fáil, lena n-áirítear leaganacha Éasca le Léamh, cló mór, Braille, ábhar fuaime agus aistriúcháin nuair is cuí.	Míchumas, Grúpa Ciníoch, Aois	Iarratais comhlíonta laistigh de na hamchláir chomhaontaithe.	Ar bhonn leanúnach
Muinín an Phobail agus Feasacht	Clár cumarsáide agus rannpháirtíochta a sholáthar a mhúsclaíonn feasacht ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí an Choimisinéara Gaeilge.	Gach Catagóir Alt 75	Feasacht mhéadaithe léirithe trí staitisticí rannpháirtíochta agus aiseolas.	Ar bhonn leanúnach
	Tuiscint ar an Ghaeilge agus ar ról an Choimisinéara Gaeilge a chur chun cinn trí chumarsáid chuimsitheach agus trí rannpháirtíocht le geallsealbhóirí.	Creideamh Reiligiúnach, Tuairim Pholaitiúil, Grúpa Ciníoch	Aiseolas dearfach ó gheallsealbhóirí agus rannpháirtíocht leathan.	Ar bhonn leanúnach
Comhairle, Fiosrúcháin agus Gearáin	A chinntiú go bhfuil seirbhísí comhairle, fiosrúchán agus gearán inrochtana agus freagrúil.	Gach Catagóir Alt 75	Caighdeáin seirbhíse bainte amach agus faireachán déanta orthu.	Ar bhonn leanúnach

	Faireachán a dhéanamh ar ghearáin agus ar fhiosrúcháin chun saincheisteanna comhionannais, constaicí rochtana agus deiseanna chun seirbhísí a fheabhsú a shainaithint.	Gach Catagóir Alt 75	Anailís san áireamh san athbhreithniú bliantúil.	Gach bliain
Fostaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil	Faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an lucht saothair agus ar dheiseanna oiliúna chun cultúr cuimsitheach san ionad oibre a chur chun cinn.	Gach Catagóir Alt 75	Fianaise ar rochtain chothrom ar dheiseanna forbartha.	Gach bliain
Oiliúint agus Forbairt Acmhainne	Oiliúint ar Alt 75, ar an Scéim Chomhionannais agus ar inrochtaineacht a chur ar fáil do gach ball foirne agus do chomhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Iontaofacht maidir le Riosca (CIIR).	Gach Catagóir Alt 75	Ráta críochnaithe 100%.	Gach bliain
	Oiliúint speisialtóireachta a chur ar fáil do bhaill foirne atá freagrach as scagadh, Measúnuithe Tionchair ar Chomhionannas (MTCanna),	Gach Catagóir Alt 75	Oiliúint curtha i gcrích ag an fhoireann ábhartha.	De réir mar is gá, ar bhonn leanúnach.

	comhairliúchán agus láimhseáil gearán.			
Faireachán agus Feabhsú Leanúnach	Socruithe faireacháin a bhunú a chlúdaíonn comhairliúcháin, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, úsáid seirbhísí agus eolas faoi ghearáin.	Gach Catagóir Alt 75	Creat faireacháin curtha i bhfeidhm.	Bliain 1
	Eolas faireacháin agus aiseolas ó gheallsealbhóirí a úsáid chun beartais a athbhreithniú, seirbhísí a fheabhsú agus bearta gníomhaíochta a nuashonrú nuair is gá.	Gach Catagóir Alt 75	Athbhreithniú bliantúil curtha i gcrích agus gníomhartha feabhsúcháin sainaitheanta.	Gach bliain

Tomhais Feidhmíochta

1. Iniúchadh ar Éagothromaíochtaí curtha i gcrích laistigh de bhliain amháin ó fhaomhadh na Scéime Comhionannais.
2. 100% de na beartais nua agus leasaithe scagtha.
3. Fuair 100% den fhoireann agus de chomhaltaí ARAC oiliúint maidir le hAlt 75.
4. Gach comhairliúchán curtha ar fáil i bhformáidí inrochtana.
5. Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn Alt 75 curtha faoi bhráid an Choimisiúin Chomhionannais.

6. Athbhreithniú bliantúil curtha i gcrích ar shonraí comhairliúcháin, gearán agus rannpháirtíochta.
7. Athbhreithniú ar inrochtaineacht an tsuímh ghréasáin déanta gach bliain.
8. Fianaise ar rannpháirtíocht le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na grúpaí ábhartha Alt 75.
9. Cúrsaí comhionannais comhtháite i bhforbairt, i gcomhairliúchán agus i gcur chun feidhme Chaighdeáin Dea-Chleachtais na Gaeilge.
10. Fianaise ar ghníomhartha a chuireann dea-chaidreamh chun cinn trí rannpháirtíocht le geallsealbhóirí agus trí ghníomhaíochtaí cumarsáide.